# 21 Cánacha ar mhótarfheithiclí a bhailiú

**21.1** In 2024, bhí thart ar 3.1 milliún mótarfheithicil le húsáid ar bhóithre poiblí. Tá úinéireacht mótarfheithicle faoi réir cánacha agus dleachtanna éagsúla a dtugtar achoimre orthu i bhFíor 21.1. Mínítear róil na gcomhlachtaí Stáit éagsúla i riarachán agus bailiú cánacha ar mhótarfheithiclí a thuilleadh in Iarscríbhinn 21A.

**Fíor 21.1 Achoimre ar na cánacha agus dleachtanna a bhaineann le húineireacht mótarfheithiclí[a]**

| Cáin nó dleacht | I bhfeidhm maidir le | Bunaithe ar | Arna bailiú ag |
|---|---|---|---|
| Cáin cláraithe feithiclí (CCF) | Tráth an chláraithe | Astaíochtaí $CO_2$, astaíochtaí NOx[b] agus praghas díola margaidh oscailte (OMSP)[c] | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim |
| Cáin bhreisluacha (CBL) | Ar cheannach | Praghas na feithicle (nua nó iomportáilte) | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim |
| Dleacht chustaim | Ar allmhairí feithiclí neamh-AE | Cineál feithicle agus luach allmhairiúcháin | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim |
| Mótarcháin | Gach bliain (ach iníoctha go ráithiúil, go leath-bhliantúil nó go bliantiúil) | Astaíochtaí $CO_2$ nó inneallmhéid | An Roinn Iompair agus oifigí mótarchánach na n-údarás áitiúil |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta:
a Ní airítear cánacha breosla (dleacht mháil, cáin charbóin agus CBL) a chuirtear i bhfeidhm ag an gcaidéal in aghaidh an lítir de bhreosla agus dliteanas sochair chomhchineáil (BIK) d'úsáideoirí gluaisteán cuideachta bunaithe ar luach agus astaíochtaí feithicle. Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim na cánacha sin.
b Maidir le feithiclí de chatagóir A CCF (féach Iarscríbhinn 21B).
c I gcás feithiclí de chatagóir A agus B, is é OMSP an praghas, ar a n-áirítear na cánacha agus na dleachtanna uile, a bhféadfaí a bheith ag súil leis go bhfaigheadh an fheithicil an chéad díolachán ar neamhthuilleamaí sa mhargadh oscailte sa Stát.

**21.2** Bailíodh ioncam de EUR 1.9 billiún san iomlán ó cháin cláraithe feithiclí (CCF) agus ó mhótarcháin in 2024. I gcaitheamh na tréimhse 2016 go 2024, cé gur tháinig méadú thart ar 20% ar líon na bhfeithiclí ar an mbóthar, tháinig laghdú beagnach 12% ar fháltais mhótarchánach (féach Fíor 21.2).[1] Bhí an ghluaiseacht in ioncam ó CCF níos athraithí, rud a léiríonn ráta ceannaithe feithiclí nua.


**21.3** Tá an Roinn Iompair (an Roinn) freagrach as na fáltais mhótarchánach a bhailiú, agus iad a tharchur ansin chuig an Státchiste, sa Chuntas Cánach Mótair. Tugtar cuntas ar CCF, CBL agus dleacht chustaim a bhaineann le trádáil mótarfheithiclí a bhailiú agus a leithdháileadh sa Chuntas ar Ioncam a Fuair an Stát ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Cuirtear an dá chuntas i láthair ar bhonn 'airgead tirim faighte' agus cuirtear faisnéis fabhraithe teoranta i láthair sna nótaí a ghabhann leis na cuntais sin.

**21.4** Is bunachar sonraí é an Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF) ina bhfuil sonraí faoi na feithiclí cláraithe uile agus a n-úinéirií chomh maith le tiománaithe ceadúnaithe sa tír. Déanann an Roinn é a thiomsú agus a choinneáil. Tá ról lárnach ag an NVDF i bpróiseáil mótarchánach agus ceadúnas tiomána.[2]

1 Níl miondealú ar CBL agus Dleacht Chustaim a bailíodh maidir le mótarfheithiclí ar fáil mar ní gá do thrádálaithe miondealú a sholáthar ar na méideanna sin ina dtuairisceáin chánach.

2 Comhlánaíonn an NVDF oibleagáidí dlíthiúla áirithe maidir leis na cláir náisiúnta tiománaithe agus feithiclí. Féach Alt 60 den Acht Airgeadais, 1993.

**Fíor 21.2 Innéacs fáltas CCF, fáltas mótarchánach agus líon na bhfeithiclí 2016 – 2024 (2016 = 100)**




Foinse: Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil 2016 agus 2017, Cuntais Chánach Mótair 2018 go 2024, an Roinn Iompair, na Coimisinéirí Ioncaim

## Fócas agus modheolaíocht

**21.5** Thuairiscigh mé roimhe seo go mionsonraithe ar riar agus ar bhailiú mótarchánach.[1,2] Ba iad seo a leanas príomhthorthaí na dtuarascálacha sin.

- Ní dhéantar costas foriomlán riaradh an chórais mótarchánach a thiomsú ná a thuairisciú go lárnach. Ní raibh faisnéis leordhóthánach ar fáil chun comparáid bheacht a dhéanamh idir costais na seirbhísí ar líne agus na seirbhísí i bpearsa.
- Ní dhearnadh aon anailís ar iompar cáiníocóirí m.sh. na tosca a raibh tionchar acu ar an rogha modhanna íocaíochta ar líne nó modhanna íocaíochta fisiciúla a úsáid, nó an rogha mótarcháin a athnuachan ar feadh tréimhsí níos lú ná 12 mhí (an rogha is saoire).
- D'fhéadfadh glacadh réiteach TF éifeachtúlacht an bhailithe mótarchánach a mhéadú.
- Bítear ag brath ar fhaisnéis aitheantais agus seolta an úinéara, a chuirtear isteach agus mótarfheithicil á clárú agus/nó cáin á cur ar mhótarfheithicil, chun cionta tráchta bóthair agus dola saor ó bhacainní a fhorfheidhmiú, agus chun críoch sábháilteachta mar shampla comhairle a thabhairt maidir le haisghairmeacha feithiclí agus coinní tástála náisiúnta gluaisteán. Mar sin féin, ní dhéantar ach bailíochtú teoranta ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn úinéirí feithiclí.
- Ní dhearnadh monatóireacht foirmiúil ar leibhéal comhlíontachta na rialachán maidir le mótarcháin in Éirinn agus níorbh fhéidir tionchar na n-athruithe ar rialacháin lena rialaítear dearbhuithe eisbhóthair a fháil amach.
- Ní raibh aon phróiseas anailíse tráthrialta ann ar an gComhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF) chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartas mótarchánach agus forfheidhmiú na rialachán maidir le mótarcháin.

1 Tuarascáil speisialta Uimh 97, *Riar agus Bailiú na Mótarchánach*, mí na Nollag 2016.

2 *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2021*, caibidil 18, Fáltais mhótarchánach.

**21.6** Glacadh go hiomlán leis na moltaí a rinneadh i mo chéad tuarascáil (in 2016) maidir lena gcur chun feidhme, ach tá an dul chun cinn i dtaca leis sin an-mhall. Fuarthas sa tuarascáil leantach (arna foilsiú i mí Mheán Fómhair 2022) nach raibh ach ceann amháin de na 7 moladh bunaidh curtha chun feidhme go hiomlán. Bhí trí mholadh idir lámha agus i gcás na dtrí mholadh eile, ní dhearnadh aon dul chun cinn maidir lena gcur chun feidhme.

**21.7** Sna cúinsí i gceist, bhí imní orm go mb’fhéidir nach mbeadh na rialuithe atá i bhfeidhm maidir le riar agus bailiú na mótarchánach leordhóthanach. Chuir mé tús leis an scrúdú breise seo chun obair leantach a dhéanamh ar stádas reatha chur chun feidhme na moltaí a rinneadh i dtuarascáil 2016.

**21.8** Riosca eile a sainaithníodh maidir le bailiú mótarchánach ba ea an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag tiontuithe feithiclí paisinéirí bréagacha líomhnaithe ar ioncam, lena n-áirítear roinnt cineálacha ardluacha, chuig catagóir na bhfeithiclí tráchtála ar lú an cháin a ghearrtar orthu. Suas go dtí mí an Mhárta 2024, bhí oifigí mótarchánach na n-údarás áitiúil freagrach as dearbhuithe a phróiseáil maidir le tiontú na bhfeithiclí atá cláraithe in Éirinn. I mí an Mhárta 2024, aistríodh an fhreagracht sin chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

**21.9** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar cháipéisíocht agus chuir sí foireann

- sa Roinn faoi agallamh chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na rialuithe atá i bhfeidhm maidir le riar agus bailiú mótarchánach (lena n-áirítear tiontuithe feithiclí).
- sna Coimisinéirí Ioncaim faoi agallamh le measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na rialuithe atá i bhfeidhm anois maidir le tiontuithe feithiclí.
- in Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) faoi agallamh chun tuiscint a fháil ar an ngnás faofa d’Ionaid Tástála Ceadaithe (ATCanna).
- sa tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán faoi agallamh chun tuiscint a fháil ar na socruithe rialachais agus maoirseachta atá i bhfeidhm thar an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán (NCTS) agus an Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (TRFT).
- sa Gharda Síochána faoi agallamh chun a fháil amach a mhéid a áirítear aicmiú feithicle a sheiceáil le seiceáil cois bóthair.

**21.10** Tá an anailís a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo bunaithe ar shonraí a asbhaintear as an NVDF ag an Roinn don tréimhse 2019 go 2024.

## Costas bailithe mótarchánach

***Moladh 1***

*An costas iomlán a bhaineann leis an gcóras mótarchánach a oibriú agus na tosca a mbíonn tionchar acu ar an gcostas sin a shuí, chun na héifeachtúlachtaí coibhneasta samhlacha soláthair seirbhíse malartacha a shuí agus chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil maidir le soláthar seirbhíse amach anseo.*

**Stádas:** *Níl sé curtha i bhfeidhm.*

**21.11** Ní dhéantar costas comhcheangailte riaradh an chórais mótarchánach a thiomsú ná a thuairisciú go lárnach go fóill.

**21.12** Déantar fáltais mhótarchánach a thaisceadh leis an gcuntas cánach mótair agus a aistriú ina dhiaidh sin chuig Lárchiste an Státchiste. Ní mhuirearaítear na costais riaracháin agus oibríochtúla a thabhaítear agus an córas mótarchánach á réachtáil ar an gcuntas cánach mótair.

**21.13** Muirearaítear na costais a thabhaíonn an Roinn maidir le bailiú na mótarchánach ar Vóta 31 Iompar faoi fho-cheannteideal F.3 dar teideal 'mol digiteach'. In 2024, b'ionann na costais iomlána arna dtabhú i ndáil leis an bhfo-cheannteideal sin agus thart ar EUR 32 milliún. Mar sin féin, áirítear orthu sin costais nach mbaineann le mótarcháin a bhailiú mar shampla seirbhísí ceadúnais tiomána. Ina theannta sin, ní áirítear ar na muirir fho-cheannteidil costais phá na Roinne a bhaineann le mótarcháin a bhailiú.

**21.14** Léirítear na costais a bhaineann le hoifigí mótarchánach a reáchtáil a thabhaíonn údaráis áitiúla ina ráitis airgeadais bhliantúla. Déanann An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na ráitis airgeadais bhliantúla sin a chónascadh agus a fhoilsiú. Maidir le 2023, b'ionann an costas iomlán tuairiscithe a bhain leis na hoifigí mótarchánach a reáchtáil ar leibhéal an údaráis áitiúil agus beagnach EUR 31 milliún.[1]

*Freagairt na Roinne*

**21.15** Níl Roinn nó gníomhaireacht amháin freagrach as an gcóras mótarchánach, agus tá athrú tagtha ar na róil sin sna blianta ó foilsíodh tuarascáil 2016. Tá roinnt feidhmeanna ag an Roinn maidir le mótarcháin, a nascann le feidhmeanna eile na Roinne freisin.

**21.16** Tacaíonn an NVDF le bailiú mótarchána trína sheirbhís ar líne, www.motarchain.ie agus trí líonra oifigí mótarchánach na n-údarás áitiúil. Tacaíonn an NDVF le húinéireacht feithicle a aistriú, rialáil agus forfheidhmiú feithiclí agus malartú sonraí idirnáisiúnta freisin. Níl mótarcháin ar líne ach cuid amháin den tseirbhís, agus dá bharr sin, níl sé simplí costais theicniúla mótarchánach a shainaithint.

**21.17** Tháinig laghdú suntasach ar na costais riaracháin a bhaineann le hathnuachan mótarchánach trí fhógraí leictreonacha athnuachana mótarchánach a chur in ionad foirmeacha páipéarbhunaithe. B'ionann glacadh ar líne agus 87% in 2024, agus leanann an Roinn de bheith ag fiosrú roghanna chun é sin a mhéadú a thuilleadh. Tá an Roinn ag obair chun aistriú chuig córas diosca cánach gan pháipéar lena laghdófaí costais phostais go suntasach.

## Minicíocht na híocaíochta ar bhonn measúnachta

***Moladh 2***

*Anailís a dhéanamh ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar iompar cáiníocóirí, chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil maidir le soláthar seirbhísí amach anseo, ar líne agus in oifigí mótarchánach.*


***Stádas:*** *Curtha i bhfeidhm go páirteach.*

1 Ráitis airgeadais bhliantúla iniúchta chónasctha do na 31 údarás áitiúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

**21.18** Is féidir cáin a chur ar fheithiclí ar feadh tréimhsí trí mhí, sé mhí nó 12 mhí. Mar sin féin, tá sé níos costasaí do cháiníocóirí cáin a chur ar fheithiclí ar feadh tréimhsí níos giorra, agus mar thoradh air sin, bíonn costais phróiseála níos airde d'údaráis áitiúla agus don Roinn.

**21.19** Mar is léir i Fíor 21.3, bhí thart ar 62% d'idirbhearta cánach feithiclí príobháideacha ar feadh tréimhsí trí nó sé mhí in 2024. Moladh in 2016 gur cheart anailís a dhéanamh ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar an iompraíocht sin.

**Fíor 21.3 Idirbhearta cánach feithiclí príobháideacha de réir fhad na hathnuachana, 2024**




Foinse: An Roinn Iompair

*Freagairt na Roinne*

**21.20** Déanann an Roinn monatóireacht ar líon na ndioscaí a eisítear go bliantúil, go leath-bhliantúil agus go ráithiúil (atá measartha comhsheasmhach) agus in 2018 rinne an Roinn anailís orthu de réir na bliana inar cláraíodh feithiclí. Léiríodh leis sin gur lú an dóchúlacht go gcuirfear cáin ar fheithiclí níos sine ar bhonn bliantúil. I measc na gcúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis sin tá inacmhainneacht agus iontaofacht feithicle (an fhéidearthacht go dteipfidh ar an bhfeithicil sa Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (TNG) etc).

**21.21** I mí Eanáir 2023, bhunaigh an Roinn feidhm thiomnaithe sonraí agus anailísíochta. Ceann de chuspóirí na feidhme sin is ea luach anailíseach breise a spreagadh ó thacair sonraí amhail an NVDF agus a bheith ag obair le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun na haschuir uathu sin a oibríochtú. Taispeánann deais a d'fhorbair an rannán sonraí agus anailísíochta líon na ndioscaí cánach a eisíodh de réir aicme cánach, réime cánach agus cibé acu an diosca bliantúil, leathbhliantúil nó ráithiúil a bhí ann.

**21.22** Dúirt an Roinn go bhféadfadh athruithe ar struchtúr an chórais mótarchánach agus ar rátaí tionchar a imirt ar chinntí maidir le híocaíochtaí, ach, is é an tAire Airgeadais atá freagrach as beartas mótarchánach, lena n-áirítear rátaí mótarchánach a shocrú agus na formhuirir ar feadh tréimhsí athnuachana trí mhí agus sé mhí. Is é an Rialtas atá i gcumhacht a dhéanann aon athruithe ar na socruithe reatha i gcomhthéacs buiséadach agus tá siad faoi réir reachtaíochta.

## Íocaíochtaí mótarchánach


***Moladh 3***

*Na tosca a bhunú a mbíonn tionchar acu ar chinneadh custaiméara modhanna íocaíochta ar líne nó fisiciúla a úsáid lena sainaithneofaí bacainní ar éifeachtúlacht an chórais bailithe mótarchanach a mhéadú.*

***Stádas:*** *Curtha i bhfeidhm.*

**21.23** Is féidir mótarcháin a íoc ar líne nó in oifig mótarchánach áitiúil. In 2024, bhí 5.2 idirbheart íocaíochta mótarchánach ann, ar cuireadh thar ar 87% díobh i gcrích ar líne (féach Fíor 21.4). Tháinig méadú air sin ó 77 % d'idirbhearta íocaíochta ar líne in 2019, ach tharla beagnach an méadú ar fad in 2020. Is cosúil gur freagairt é sin ar shrianta Covid-19 ar dtús, agus tháinig sé chun bheith bunaithe ansin.

**Fíor 21.4 Líon na n-idirbheart íocaíochta ar líne, 2019 go 2024[a]**




Foinse: An Roinn Iompair

Nóta: a Is féidir go n-áireofar le hidirbheart íocaíochta aonair níos mó ná feithicil amháin.

## Gnóthachain éifeachtúlachta tríd an teicneolaíocht a úsáid

***Moladh 4***

*Meastóireacht a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ag réitigh TF chun an costas a bhaineann le hoibriú an chórais mótarchánach a laghdú.*

***Stádas:*** *Idir lámha.*

**21.24** D'fhéadfadh glacadh réiteach TF éifeachtúlacht maidir le bailiú na mótarchánach a mhéadú. Mar shampla, in 2024, chaith an Roinn thart ar EUR 5.8 milliún ar dhioscaí mótarchánach a phriontáil agus a dháileadh. Ina theannta sin, thug an Roinn faoi deara go bhfuil méadú 58% ar chostais phostais le trí bliana anuas. Tá forálacha sa Bhille um Chomhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe 2025 lena gcuirfear deireadh leis an gceanglas diosc mótarchánach páipéir a thaispeáint ar ghaothscáthanna feithiclí. Faoi réir formheas a fháil ón Oireachtas, tá sé beartaithe go n-achtófar an Bille faoi dheireadh 2025. Mar sin féin, beidh gá le infheistíocht sa teicneolaíocht maidir leis na córais sin chun forfheidhmiú a chumasú.

**21.25** Tá forbairt teicneolaíochta costasach, agus ba cheart aon tograí chun infheistíocht a dhéanamh i gcórais nua a bheith bunaithe ar an aisíocaíocht ionchasach nó ar an nglantairbhe a bheadh le baint amach. Ós rud é nach bhfuil córas iontaofa ag an Roinn chun tuiscint a fháil ar an gcostas a bhaineann leis an gcóras bailithe mótarchánach a oibriú, d'fhéadfadh sé nach í an Roinn is fearr a bheadh in ann meastóireacht a dhéanamh ar chost-éifeachtúlacht na roghanna teicneolaíochta féideartha.

*Freagairt na Roinne*

**21.26** Baineadh úsáid as réitigh TF chun an costas a bhaineann le hoibriú an chórais mótarchánach a laghdú. Tá coigilteas suntasach — i bhfad os cionn €3 milliún in aghaidh na bliana — bainte amach trí fhógraí leictreonacha athnuachana mótarchánach a thabhairt isteach (seachas fógraí poist). Cuireadh catagóirí mótarchánach breise ar fáil ar an tseirbhís ar líne, lena laghdaítear costas an bhailithe, go háirithe d'údaráis áitiúla a bhainistíonn líonra na n-oifigí mótarchánach. Coinníonn an Roinn a réitigh TF faoi athbhreithniú leanúnach.

## Cáilíocht sonraí aitheantais úinéara

***Moladh 5***

*Feabhas a chur ar bhailíochtú na sonraí aitheantais a stóráiltear ar an NVDF chun a áirithiú go bhfuil cáilíocht na sonraí oiriúnach chun na gcríoch a bhfuil sé beartaithe freastal orthu.*

***Stádas:*** *Idir lámha.*

***Clárú úinéireachta***

**21.27** Is ceanglas éigeantach é clárú mótarfheithiclí i ngach Ballstát AE.[1] Cinntítear le clárú gur féidir mótarfheithicil a shainaithint go héasca, agus gur féidir an t-úinéir a rianú. Déantar úinéireacht feithicle a thaifeadadh ar an NVDF agus léirítear é sin trí dheimhniú clárúcháin na feithicle (nó 'turasleabhar').

**21.28** Is é úinéir cláraithe na feithicle an duine atá faoi dhliteanas mótarchánach. Dá bhrí sin, gné lárnach den chóras bailithe mótarchánach is ea cruinneas na sonraí ar an NVDF. Ina theannta sin, tá na sonraí sin ríthábhachtach chun cionta tráchta bóthair a fhorfheidhmiú chomh maith le haisghairmeacha feithiclí ar mhaithe le sábháilteacht, tástálacha náisiúnta gluaisteán agus córais dola atá saor ó bhacainní.

**21.29** Fuarthas amach i dtuarascáil 2016 nach raibh gá go ginearálta le cáipéisíocht chun tacú le sonraí NVDF agus feithicil á clárú nó cáin á cur ar uirthi. Fuarthas amach freisin gur beag bailíochtú a rinneadh ar na sonraí a cuireadh isteach nó nach ndearnadh aon bhailíochtú orthu.

**21.30** Láimhseálann trádálaithe údaraithe (déileálaithe mótair) an próiseas chun feithiclí nua a cheannaítear uathu a chlárú lena n-áirítear CCF a íoc agus plátaí clárúcháin a fheistiú. Ní mór d'úinéirí feithiclí atá ag clárú feithiclí allmhairithe coinne a chur in áirithe le NCTS ag ceann dá n-ionad ag a n-íocann siad CCF agus ag a ndéantar cigireacht ar an bhfeithicil.[2] Sna cásanna sin, eisíonn NCTS an uimhir chlárúcháin (Éireannach), agus is féidir plátaí ceadúnais a cheannach ag an ionad.

1 San Aontas Eorpach, is inniúlacht náisiúnta é clárú gluaisteán, rud a chiallaíonn go bhfuil a nósanna imeachta agus a riachtanais féin ag gach tír.

2 Ceaptar an NCTS ag na Coimisinéirí Ioncaim chun feidhmeanna clárúcháin feithiclí a dhéanamh thar a gceann.


**21.31** Cibé an bhfuil an fheithicil cláraithe ag trádálaí údaraithe nó ag úinéir na feithicle iad féin, tá an fhianaise seo a leanas agus fianaise dhoiciméadach tacaíochta ag teastáil tráth an chláraithe[1]

- ainm agus seoladh — arna dtacú le fianaise mar shampla pas, ráitis bhainc nó billí fóntais.
- Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) — mar shampla duillín pá, achoimre sonraí fostaíochta, nó aon cháipéisíocht arna heisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim lena n-áirítear an UPSP.

### *Athrú úinéireachta a chlárú*

**21.32** In 2024, fuair an Roinn fógraí maidir le hathrú ar úinéireachta feithicle de bheagnach 1.13 milliún san iomlán agus fuarthas thart ar 56% de na fógraí sin ar líne. Le Fíor 21.5 tugtar miondealú ar na hidirbhearta maidir le hathrú úinéireachta in 2024.

**Fíor 21.5 Líon na n-idirbheart maidir le hathrú úinéireachta in 2024**




Foinse: An Roinn Iompair

Nóta: a Bhí díreach os cionn 2,000 idirbheart maidir le hathrú úinéireachta curtha i gcrích ar líne le haghaidh díolacháin phríobháideacha in 2024. Tugadh an córas ar líne isteach i mí Mheán Fómhair 2024.

**21.33** Tá an tseirbhís ar líne do thrádálaithe údaraithe chun athruithe ar úinéireacht feithiclí a chur in iúl don NVDF ar fáil ó 2008.[2,3] Ceanglaítear ar thrádálaithe údaraithe an deimhniú clárúcháin comhlánaithe (arna shíniú ag an dá pháirtí) nó an fhoirm um fhógra aistrithe a choinneáil ar feadh tréimhse 3 bliana.[4] Ní cheanglaítear ar an gceannaitheoir aon fhianaise dhoiciméadach aitheantais a sholáthar don trádálaí mótair. É sin ráite, luaigh an Roinn go gcuireann go leor trádálaithe údaraithe roghanna maoiniúcháin ar fáil dá gcustaiméirí, agus i gcás inarb amhlaidh sin, déantar céannacht an cheannaitheora a fhíorú mar chuid den phróiseas sin.

**21.34** Ó mhí Mheán Fómhair 2024, is féidir le húinéirí feithiclí príobháideacha (nach mbaineann le trádáil) clárú feithiclí a aistriú chuig úinéir príobháideach eile ar líne freisin. I gcás na n-aistrithe sin, tionscnaíonn an t-úinéir reatha an t-aistriú trí uimhir chlárúcháin na feithicle agus sraithuimhir dheimhniú clárúcháin na feithicle a chur isteach. Déantar na sonraí a sheiceáil leis an NVDF, lena bhfíoraítear gurb iad úinéir taifeadta na feithicle. A luaithe a mheaitseálann na sonraí le taifead NVDF, seoltar UAP aistrithe aon-uaire i ríomhphost chuig seoladh ríomhphoist an díoltóra mar a thaifeadtar ar an NVDF. Ansin, roinneann an díoltóir an UAP sin leis an gceannaitheoir agus logálann an ceannaitheoir isteach ansin trí chuntas MyGovID fíoraithe a úsáid chun an t-aistriú a chur i gcrích, agus ar an gcaoi sin a gcéannacht a fhíorú freisin.[5]

1 Leagtar amach an doiciméadacht is gá chun feithicil a chlárú i SI 318/1992 Na Rialacháin um Chlárú agus Cánachas Feithiclí, 1992.

2 Bronntar rochtain shlán ar chóras ar líne um Athrú Úinéireachta Feithicle (CVO) NVDF do dhéileálaithe mótair trí úsáid a bhaint as cineál sonrach deimhnithe dhigitigh a chuirtear ar fáil trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim. Sínítear an t-athrú ar idirbhearta úinéireachta a chuirtear isteach trí chóras CVO go digiteach chun barántúlacht agus príobháideachas na faisnéise a chuirtear isteach a dheimhniú.

3 Ní féidir ach le trádálaithe atá cláraithe leis an Roinn chun rochtain a fháil an tsaoráid í a úsáid. Ní mór do thrádálaithe údaraithe a n-uimhir CBL agus uimhir an gharáiste/an déileálaí a sholáthar chun clárú don tsaoráid ar líne.

4 SI 150/2008 Na Rialacháin um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú) (Leasú) 2008.

5 Is cuntas aonair é MyGovID lena ligtear do dhuine aonair seirbhísí a úsáid ó go leor ranna rialtais. Tá uimhir UPSP ag teastáil chun cuntas MyGovID fíoraithe a chur ar bun.

**21.35** Cuirtear athrú úinéireachta i gcrích as líne go ginearálta. Ní mór don cheannaitheoir agus don díoltóir an roinn maidir le hathrú úinéireachta a chomhlánú agus a shíniú ar chúl dheimhniú clárúcháin na feithicle (nó turasleabhar) agus cuireann an díoltóir sa phost é chuig an Roinn i Sionainn. Ní gá don cheannaitheoir cruthúnas céannachta a chur isteach. A luaithe a nuashonrófar an NVDF, seolfar an deimhniú clárúcháin chuig an úinéir cláraithe nua ag an seoladh a chuirtear ar fáil.

*Freagairt na Roinne*

**21.36** Áirítear forálacha fíorúcháin maidir le haitheantas úinéara feithicle in Alt 3 den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus um Bóithre, 2023.[1] Tháinig na forálacha sin i bhfeidhm i mí an Mhárta 2025. Beidh rialacháin ann nuair a bheidh na hathruithe oibriúcháin agus athruithe ar an gcóras, chun na próisis seo a chumasú, i bhfeidhm. Tá obair ar bun chun na ceanglais maidir le rialacháin a shainaithint chun úinéir na feithicle a bhailíochtú chomh maith le cur i bhfeidhm oibríochtúil na rialachán sin.

**21.37** Leis na forálacha, déantar foráil maidir le huimhir tiomána a ghabháil, nó, ina éagmais sin, UPSP chun úinéir na feithicle a dheimhniú. Leis sin, beidh nasc ann idir taifid úinéireachta feithicle agus taifid ar cheadúnais tiomána agus déanfar forfheidhmiú a fheabhsú, fógraí muirir sheasta a sheirbhísiú agus pointí pionóis a leithdháileadh agus dícháilíochtaí a thaifeadadh ar thaifid an cheadúnais tiomána. Déanfar iniúchadh ar thuilleadh nuálaíochtaí den chineál sin de réir mar a dhéanaimid ár gcórais a nuachóiriú.

## Comhlíonadh mótarchánach a thomhas

> ***Moladh 6***
>
> *Meastóireacht a dhéanamh ar mhodhanna chun measúnú a dhéanamh ar rátaí comhlíonta mótarchánach in Éirinn agus tús a chur le monatóireacht tráthrialta tréimhsiúil a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán maidir le mótarcháin.*
>
> ***Stádas:*** *Níor cuireadh an moladh sin chun feidhme go fóill.*

**21.38** Ní dhéantar monatóireacht fhoirmiúil ar leibhéal comhlíontachta na rialachán maidir le mótarcháin in Éirinn. Tá gá le faisnéis maidir le leibhéal comhlíontachta na rialachán maidir le mótarcháin — m.sh. céatadán na bhfeithiclí ar an mbóthar nach bhfuil cáin íoctha orthu faoi láthair— chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na rialachán agus d’fhéadfadh sé a bheith mar bhonn eolais don chur chuige maidir lena bhforfheidhmiú.

*Freagairt na Roinne*

**21.39** Is é an fhaisnéis atá ar fáil don Roinn ná liostú na bhfeithiclí faoi cháin agus iad siúd a dhearbhaítear nach bhfuil siad ar bóthar. Tagann aimhrialtachtaí i líon na bhfeithiclí a gcuirtear cáin orthu agus líon na bhfeithiclí a dhearbhaítear nach bhfuil siad ar bóthar chun cinn ar roinnt cúiseanna, nach bhfuil imghabháil cánach ach ceann amháin díobh. Forfheidhmíonn An Garda Síochána agus údaráis áitiúla comhlíonadh mótarchánach ach, a mhéid is go bhfuil an Roinn ar an eolas, ní dhéanann siad meastachán faoi láthair ar leibhéal na neamhchomhlíontachta nó na himghabhála.

1 An tAcht um Thrácht ar Bhóithre agus um Bóithre, 2023.

### *Riaráistí mótarchánach*


**21.40** I gcás feithiclí nua nó allmhairithe, tagann dliteanas i leith mótarchánach chun cinn ón dáta a úsáidtear an fheithicil den chéad uair in áit phoiblí tar éis di a bheith cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim. Ina dhiaidh sin, má dhearbhaítear nach bhfuil feithicil ar bóthar, tá mótarcháin dlite ón mí reatha inar mian leis an úinéir cáin a chur ar an bhfeithicil (cuireann sé seo deireadh leis an tréimhse neamhúsáide) nó, má tá úinéireacht feithicle ag athrú, tá mótarcháin dlite ó dháta an díolacháin.

**21.41** Má tá mí nó níos mó caite idir dul in éag an diosca cánach deiridh agus an mhí inar mian le húinéir na feithicle cáin a chur an bhfeithicil, muirearaítear riaráistí mótarchánach. Tá riaráistí iníoctha de réir ráta míosúil an deichiú cuid den ráta bliantúil is infheidhme, ó mhí amháin tar éis an dáta athnuachana cánach.[1]

**21.42** LeFíor 21.6 leagtar amach méid iomlán na riaráistí mótarchánach a íocadh thar na tréimhse 2019 go 2024. B'ionann méid na riaráistí a bailíodh in 2024 agus díreach os cionn EUR 60 milliún. Níl faisnéis ar fáil go héasca faoi mhéid iomlán na mótarchánach neamhíoctha gach bliain, nó atá gan íoc tráth ar bith.

**21.43** Roinneann an Roinn mionsonraí na bhfeithiclí nach bhfuil cáin íoctha orthu leis an nGarda Síochána chun críocha forfheidhmithe. Seachas sin, níl aon phróiseas foirmiúil i bhfeidhm aici chun obair leantach a dhéanamh ar an riaráistí atá le híoc m.sh. meabhrúcháin a eisiúint. Dúirt an Roinn go ndéanfaidh sí machnamh agus meastóireacht ar roghanna chun forfheidhmiú digiteach a thabhairt isteach ach go mbeadh athrú reachtach ag teastáil chun dul ar aghaidh leis sin.

**Fíor 21.6 Íocaíocht na riaráistí mótarchánach, 2019 – 2024**




Foinse: An Roinn Iompair

### *Tionchar ar riaráistí ag an athrú ar úinéireacht*

**21.44** Ní mhuirearaítear riaráistí cánach nuair a bhíonn athrú ar úinéireacht feithicle, agus nuair a bhaineann na riaráistí leis an úinéir/na húinéirí roimhe sin. Tagann díolúine de facto maidir le híocaíocht riaráistí mótarchánach tar éis athrú ar úinéireacht chun cinn mar níl aon fhorálacha dlíthiúla ann faoi láthair lena dtoirmisctear an cleachtas sin.

1 Déantar foráil do riaráistí a mhuirearú le hAlt 6 san Acht um Neamhúsáid Mótarfheithiclí, 2013.


**21.45** Fuarthas fianaise i dtuarascáil 2016 go raibh an díolúine sin á saothrú ag roinnt úinéirí feithiclí chun íocaíocht mhótarchánach a sheachaint. In 2011, bhí 173 000 díolúine ó riaráistí mótarchánach mar gheall ar athrú úinéireachta. Faoin mbliain 2015, bhí 272 000 díolúine.

**21.46** Fuarthas amach sa tuarascáil go raibh go leor cásanna ann inar cláraíodh trí athrú úinéireachta nó níos mó. Sa tréimhse cúig mhí dhéag ó mhí Eanáir 2014 go dtí mí an Mhárta 2015, bhí 116 000 athrú úinéireachta cláraithe ann maidir le 34 000 feithicil a raibh trí athrú nó níos mó orthu. Fuarthas amach in athbhreithniú ar shampla de chásanna den sórt sin go raibh 74% de na feithiclí lena mbaineann gan cháin ar feadh cuid den tréimhse lena mbaineann nó ar feadh na tréimhse ar fad lena mbaineann, rud a d'fhág go raibh díolúintí riaráistí ann; agus i 56% de na cásanna, bhí fianaise ann a thug le fios go bhféadfadh nasc a bheith ann idir na húinéirí.

**21.47** Shainaithin an Roinn líon na bhfeithiclí ar athraíodh a n-úinéireacht tar éis tréimhse nár cuireadh cáin uirthi gach bliain idir 2018 go 2024.[1] Bhí líon iomlán na bhfeithiclí den sórt sin in 2024 díreach os cionn 77 000 (féach Fíor 21.7). Ba mhéadú suntasach é sin i gcomparáid leis an tréimhse 2020 go 2022.

**21.48** Rinne an Roinn meastachán freisin ar chaillteanas comhiomlán na mótarchánach a bhaineann le hathrú de facto ar dhíolúintí úinéireachta. Meastar gurb é EUR 11.6 milliún an caillteanas ar fháltais do 2024. Mar sin féin, ní léiríonn sé sin luach iomlán neamhchomhlíonadh na híocaíochta mótarchánach, mar gurb é 12 mhí in aghaidh na feithicle an uastréimhse riaráistí a chomhairtear, agus ní áirítear feithiclí atá fós gan cháin a bheith íoctha orthu.

**Fíor 21.7 Líon measta na bhfeithiclí a gcuireadh cáin orthu a raibh riaráistí díolmhaithe acu mar gheall ar athrú úinéireachta, agus luach measta na cánach arna ligean thar ceal, 2018 go 2024[a]**




Foinse: An Roinn Iompair

Nóta: a Rinneadh feithiclí atá cláraithe le garáistí a eisiamh.

1 D'fhéadfaí a áireamh leis sin, roinnt feithiclí nach raibh ar bóthar ach theip ar na húinéirí an dearbhú riachtanach a dhéanamh. Fanann an dliteanas i leith mótarchánach, in éagmais na ndearbhuithe sin.

## Úsáid sonraí chun imghabháil mótarchánach a aithint

***Moladh 7***

*Ba cheart don Roinn Iompair tús a chur le próiseas anailíse sonraí tráthrialta ar an NVDF chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartas mótarchánach agus forfheidhmiú na rialachán maidir le mótarcháin. Ba cheart patrúin neamhghnácha idirbheart a shainaithint agus a fhiosrú.*

***Stádas:*** *Tá an moladh seo á chur i bhfeidhm.*

**21.49** Déantar taifead sa NVDF ar phríomhfhaisnéis maidir le feithiclí agus úinéirí feithiclí in Éirinn. Braitheann roinnt comhlachtaí eile ar an bhfaisnéis seo, mar shampla na Coimisinéirí Ioncaim, An Garda Síochána, NCTS, TRFT, cuideachtaí árachais agus údaráis áitiúla (oifigí mótarchánach). Tá sé rí-thábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh na sonraí ar an NVDF iomlán agus iontaofa.

**21.50** Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as clárú céad uaire feithiclí sa Stát agus bailíonn siad faisnéis áirithe faoin bhfeithicil agus faoin úinéir mar chuid den phróiseas sin. Aistríonn na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis sin, in éineacht le haon nuashonraithe ina dhiaidh sin ar an taifead clárúcháin, go laethúil chuig an Roinn chun an NVDF a nuashonrú.

*Freagairt na Roinne*

**21.51** Ceann de chuspóirí rannán sonraí agus anailísíochta na Roinne is ea luach anailíseach breise a spreagadh ó thacair sonraí amhail an NVDF agus a bheith ag obair le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun na haschuir uathu sin a oibríochtú.

**21.52** Trí úsáid theicneolaíocht an chomhéadain feidhmchláir (API) a leathnú, cuirtear an raon feidhme is mó ar fáil chun sonraí mótarchánach/NVDF a úsáid chun dul i ngleic le himghabháil. Tá comhéadan nua le haghaidh malartú sonraí leis an nGarda Síochána á fhorbairt. Idir an dá linn, tá malartú sonraí leanúnach ar siúl leis an nGarda Síochána lena n-áirítear na mionsonraí a úsáideann siad le haghaidh cúrsaí forfheidhmithe mótarchánach.

## Tiontú feithiclí paisinéirí

**21.53** Rangaítear mótarfheithiclí i gcatagóir (nó aicmithe) bunaithe ar dearadh, feidhm, meáchan, acmhainneacht suíochán, srl. Úsáidtear boinn éagsúla le haghaidh aicmiú feithiclí chun críoch éagsúil dlí, rialála agus cánachais, mar a léirítear i bhFíor 21.8. Mar sin féin, tá aicmithe CCF a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim ailínithe go ginearálta le catagóirí feithiclí AE mar a shonraítear i reachtaíocht chineálcheadaithe AE. Mar shampla, cuimsítear le haicmiú ‘feithicil paisinéirí’ na gCoimisinéirí Ioncaim aicmithe AE M1, M2 agus M3. Cuimsítear leis an aicmiú ‘feithicil tráchtála’ aicmithe AE N1, N2 agus N3.

**Fíor 21.8 Córais d'aicmiú feithiclí**

| Córas | Cuspóir | An tionchar a bhíonn aige | Conas a n-aicmíonn sé feithiclí |
|---|---|---|---|
| Aicmiú AE[a,b] | Leagtar amach catagóirí feithiclí do reachtaíocht AE maidir le dearadh, sábháilteacht srl. | Cineálcheadú agus caighdeáin dearaidh | Cód Cineáil Feithicle m.sh. M1, N1, L |
| Aicmiú CCF[b] | Cinntear an méid cánach a íocann tú nuair a chláraítear feithicil den chéad uair in Éirinn | Méid cánach an chlárúcháin | Paisinéirí, tráchtáil, sainchuspóireach, gluaisrothar |
| Aicmiú mótarchánach | Cinntear an méid a íocann tú gach bliain chun d'fheithicil a choinneáil ar an mbóthar | Ráta mótarchánach | Bunaithe ar $CO_2$, méid an innill nó meáchan an innill, chomh maith le cineál feithicle/úsáid feithicle |


Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Leagtar amach aicmiú feithiclí AE i roinnt treorach agus rialachán AE, mar shampla, iad siúd a bhaineann le cineálcheadú feithiclí paisinéirí.

b Féach an Iarscríbhinn 21B ina soláthraítear tuilleadh mionsonraí maidir le haicmiú AE agus CCF.

**21.54** B'ionann feithiclí a aicmítear mar fheithiclí paisinéirí agus beagnach 77% de stoc iomlán na mótarfheithiclí ag deireadh 2024 (féach Fíor 21.9). B'ionann feithiclí a aicmítear mar fheithiclí tráchtála agus 13% eile den stoc iomlán.

**Fíor 21.9 Feithicil de réir cineáil ag deireadh 2024[a]**




Foinse: An Roinn Iompair, An Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe.

Nóta: a Tá feithiclí eile comhdhéanta d'fheithiclí éagsúla lena n-áirítear feithiclí seanré, gluaisrothair, tacsaithe agus carbháin.

**21.55** Bíonn feithiclí paisinéirí faoi réir rátaí níos airde mótarchánach agus CCF ná feithiclí tráchtála go hiondúil, mar sin tá an t-aicmiú ceart tábhachtach. Ina theannta sin, tá trádálaithe áirithe atá cláraithe le CBL i dteideal CBL a asbhaint, a ghearrtar ar cheannach nó ar fhruiliú feithicle (paisinéirí nó tráchtála) lena húsáid ag a ngnólachtaí, faoi réir eisiaimh áirithe.

**21.56** Ciallaíonn ‘tiontú’ feithicle go ndéantar saintréithe na feithicle a mhodhnú ón bhformáid inar ndearnadh í, mar shampla, suíocháin a chur léi nó a bhaint di nó veain a thiontú ina mótarcharbhán. D’fhéadfadh athaicmiú na feithicle a bheith mar thoradh air sin, m.sh. ó M1 go N1, rud lena bhféadfaí go n-íocann úinéir feithicle rátaí níos ísle CCF agus mótarchánach, agus i gcásanna áirithe, go mbeadh an t-úinéir in ann CBL a íocadh agus an fheithicil á ceannach a aiséileamh (féach Fíor 21.10). I gcás ina ndéantar CBL ar fheithicil tiontaithe a éileamh ar ais agus ina ndéantar í a thiontú arís ina fheithicil neamh-inasbhainte, ceanglaítear ar an gcáiníocóir an CBL a éilíodh roimhe seo ar an bhfeithicil sin a íoc ar ais leis na Coimisinéirí Ioncaim.

**21.57** I mí an Mhárta 2024, rinne na Coimisinéirí Ioncaim a dtreoirlínte maidir le CBL ar mhótarfheithiclí a aisghabháil chun aghaidh a thabhairt ar chóireáil CBL ar thiontuithe a nuashonrú.

**21.58** Idir 2019 agus 2024, rinneadh 6 214 feithicil san iomlán in aghaidh na bliana a thiontú ó fheithiclí paisinéirí (M1) go feithiclí tráchtála (N1) — thart ar 1 036 tiontú feithicle in aghaidh na bliana ar an meán (féach Fíor 21.11). Tháinig laghdú os cionn leath ar líon na dtiontuithe sin idir 2023 agus 2024, go dtí 553 tiontú in 2024. Ag an am céanna, aistríodh an fhreagracht as dearbhuithe a phróiseáil le haghaidh tiontuithe feithiclí áirithe ó oifigí mótarchánach chuig na Coimisinéirí Ioncaim le héifeacht ó mhí an Mhárta 2024.

**Fíor 21.10 Impleachtaí cánach a bhaineann le feithicil paisinéirí a thiontú ina feithicil tráchtála[a]**

| | Feithicil M1 (úsáid paisinéirí) | Feithicil N1 (úsáid tráchtála) |
|---|---|---|
| | • Deartha chun paisinéirí a iompar (suas le hocht suíochán móide tiománaí).<br>• Mar shampla: carranna teaghlaigh, SUVanna, carranna fada, carranna cúlhaiste. | • Deartha nó oiriúnaithe le haghaidh iompar earraí (is féidir suas le sé shuíochán móide an tiománaí a bheith ann).<br>• An acmhainn earraí a iompair cothrom leis an acmhainn daoine a iompair nó níos airde ná sin.<br>• Ag a bhfuil feistí daingnithe (pointí ceangailte /córas deighilte).<br>• Comhlánaíonn an áit lasta ceanglais toise (ag brath ar líon na sraitheanna suíochán). |
| | ***Impleachtaí cánach*** | |
| **CCF** | Ráta bunaithe ar astaíochtaí $CO_2$, astaíochtaí NOx agus OMSP. | 13.3% den OMSP (an t-íosmhéid atá dlite ná EUR 125).[b] |
| **Mótarcháin** | Tá an ráta bunaithe ar astaíochtaí $CO_2$ nó ar mhéid an innill. | Bunaithe ar mheáchan gach ualach.[c] |
| **CBL** | I gcás mótarfheithiclí paisinéirí cáilitheacha áirithe, is féidir le trádálaí atá cláraithe le haghaidh CBL 20% den CBL a thabhaítear a asbhaint má úsáidtear an fheithicil chun críocha gnó 60% ar a laghad (ar feadh tréimhse dhá bhliain nó níos mó) mar aon le coinníollacha eile. Ní cheadaítear aon asbhaint le haghaidh úsáid phríobháideach. | Tá CBL in-aiséilithe, má tá an t-úinéir cláraithe le CBL agus má úsáidtear an fheithicil 100% le haghaidh gnó. |


Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta:
a Féach Iarscríbhinn 21C le haghaidh sampla den choigilteas cánach atá le baint amach trí fheithicil phaisinéirí (M1) a thiontú ina feithicil tráchtála (N1).

b Gearrtar CCF de EUR 200 ar roinnt feithiclí tráchtála (N1) má bhí níos lú ná ceithre shuíochán acu i gcónaí agus má bhí mais ualaithe níos mó ná 130% den mhais in úsáid acu tráth ar bith. Ón 1 Iúil 2025, coinnítear an ráta CCF de 13.3% ar OMSP i gcás feithiclí a bhfuil astaíochtaí CO2 os cionn 120g/km acu, agus i gcás feithiclí de chatagóir B a bhfuil astaíochtaí 0g/km suas le 120 g/km acu agus an méid sin san áireamh, beidh feidhm ag ráta laghdaithe de 8% ar OMSP.

c Is ionann meáchan neamhualaithe na feithicle agus meáchan na feithicle féin nuair nach bhfuil earraí nó ualach á n-iompar aici.

**Fíor 21.11 Líon na dtiontuithe ó chatagóir M1 go N1, de réir an chineáil úinéara feithicle, 2019 – 2024**




Foinse: Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe, An Roinn Iompair

**21.59** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhféadfar an laghdú ar líon na dtiontuithe in 2024 a mhíniú mar gheall ar an soiléiriú a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil, i gcásanna ina ndéantar feithicil a thiontú go catagóir N1 de chuid an Aontais ag a bhfuil níos mó ná sraith amháin suíochán, nach mór tomhais agus grianghraif a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim leis an dearbhú tiontaithe. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach bpróiseálann sé dearbhú mura bhfuil siad sásta go bhfuil na tomhais a sholáthraítear cruinn agus go gcomhlíonann an fheithicil na critéir ábhartha d'fheithicil N1, mar a leagtar amach i rialacháin cineálcheadaithe AE.[1]

### *Bearta rialaithe tiontaithe*

**21.60** Is féidir agus déantar feithiclí a thiontú ar chúiseanna dlisteanacha. Mar sin féin, d'fhéadfaí feithicil a thiontú mar mheicníocht chun íocaíocht cánach a sheachaint nó rátaí cánach níos ísle a íoc. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbeadh rialuithe leordhóthanacha i bhfeidhm chun mí-aicmiú feithiclí a chosc nó a bhrath.

**21.61** Tá na rialuithe agus na próisis éagsúil ag brath ar cé acu a dhéantar an tiontú ar fheithicil úrnua (roimh chlárú) nó ar fheithicil úsáidte (atá cláraithe cheana féin in Éirinn nó i ndlínse eile). As na 6 214 tiontú d'fheithiclí paisinéirí (M1) go feithiclí (N1) tráchtála idir 2019 agus 2024, bhain 62% le feithiclí nua réamhchlárúcháin agus bhain 38% le feithiclí úsáidte.

**21.62** Leagtar amach i bhFíor 21.12 na príomhbhearta rialaithe tiontaithe le haghaidh feithiclí nua agus úsáidte.

1 Iarscríbhinn 1 de Rialachán AE 2018/858.

**Fíor 21.12 Príomhbhearta rialaithe tiontaithe[a]**

**Tiontuithe feithiclí nua (réamhchlárú[b])**

- Feithicil atá i seilbh trádálaí údaraithe go dtí go ndíoltar í.
- Obair thiontaithe ar a ndearnadh cigireacht amhairc ag Ionad Tástála Ceadaithe (ATC) de chuid an NSAI.
- Deimhniú cineálcheadaithe nua arna eisiúint ag an NSAI tar éis cigireachta ag ATC.
- Deimhniú comhréireachta nó faomhadh feithicle aonair arna chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Feithicil atá cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim ag an díolphointe lena n-áirítear íocaíocht CCF agus CBL.

**Tiontuithe feithiclí úsáidte (iarchlárú[c])**

- Dearbhú tiontaithe arna chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim (i bhformhór na gcásanna), nó arna chur faoi bhráid Oifige Mótarchánach (i líon teoranta cásanna).
- Obair thiontaithe atá deimhnithe ag duine atá cáilithe go hoiriúnach (SQI).
- Feithiclí a chuirtear i láthair go fisiceach don NCTS le haghaidh cigireacht réamhchlárúcháin — le haghaidh na bhfeithiclí sin a cláraíodh roimhe seo i ndlínse eile agus le haghaidh na bhfeithiclí sin amháin.
- Feithicil atá cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim ag pointe na cigireachta lena n-áirítear íocaíocht CCF.

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta:
a Féach an Iarscríbhinn 21D chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na príomhbhearta rialaithe a bhaineann leis an bpróiseas tiontaithe.
b Níor cláraíodh an fheithicil riamh in aon dlínse.
c Cláraíodh an fheithicil sa Stát nó i ndlínse eile cheana féin.

### *Ionaid tástála ceadaithe*

**21.63** Déanann ionaid tástála ceadaithe (ATCanna) ag an NSAI cigireacht ar fheithiclí nua neamhchláraithe a chuaigh trí thiontú/modhnú roimh chlárú chun tacú leis an bpróiseas cineálcheadaithe.[1] Déanann na ATCanna amharc-chigireacht ar an bhfeithicil faoi stiúir an NSAI chun cuidiú lena dheimhniú go gcomhlíonann an fheithicil na caighdeáin dhlíthiúla, sábháilteachta agus tógála ábhartha.[2] Ní dhéanann ATCanna na cinntí críochnaitheacha. Síníonn innealtóir de chuid an NSAI gach páipéarachas sula n-eisítear deimhniú.

**21.64** Ó mhí Iúil 2025, bhí 34 ATC formheasta lonnaithe ar fud na tíre. Chun go mbeidh ceardlann nó garáiste ina ATC, ní mór dóibh a léiriú don NSAI go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, áitreabh oiriúnach agus córas bainistíochta cáilíochta doiciméadaithe i bhfeidhm acu.

**21.65** Bíonn ATCanna faoi réir iniúchta bliantúil ag an NSAI, a bhfuil costas EUR 1 450 air (gan CBL a áireamh).

### *Dearbhú tiontaithe*

**21.66** Maidir le tiontuithe feithiclí úsáidte atá cláraithe thar lear, ní mór dearbhú tiontaithe agus dearbhú ó dhuine aonair atá cáilithe go hoiriúnach a sholáthar do NCTS tráth a chuirtear an fheithicil i láthair lena clárú in Éirinn.

1 Le Rialachán AE 2018/858 mínítear go meastar gur feithicil nua í feithicil murar cláraíodh riamh í roimhe sin nó mura cláraíodh í le níos lú ná sé mhí.

2 Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar an bhfeithicil, cuireann ATC tuarascáil tástála i gcrích lena ndeimhnítear go bhfuil an obair thiontaithe curtha i gcrích de réir na gcaighdeán riachtanach.

**21.67** Maidir le tiontuithe feithiclí atá cláraithe in Éirinn, ba cheart an dearbhú tiontaithe a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim i gcás

- inar ndearnadh an fheithicil a thiontú ina feithicil de chatagóir N1 AE, le níos mó ná sraith amháin suíochán, nó
- ina bhfuil catagóir B, C nó D de CCF le feiceáil ar an deimhniú clárúcháin feithicle nó ina bhfuil sé glan agus
  - inar cuireadh suíomhanna suí leis agus gurb é naoi suíomh suí nó níos lú lena n-áirítear an tiománaí an líon iomlán nua, nó
  - ina raibh 10 suíomh suí nó níos mó san fheithicil agus gur baineadh suíomhanna suí de ionas gurb é naoi suíomh suí nó níos lú lena n-áirítear an tiománaí an líon iomlán nua, nó
  - go ndearnadh an fheithicil a thiontú ina mhótarcharbhán.

**21.68** Ón 19 Márta 2024, ghlac na Coimisinéirí Ioncaim freagracht as próiseáil a dhéanamh ar dhearbhuithe tiontaithe d'fheithiclí atá cláraithe in Éirinn agus a tiontaíodh go N1 le níos mó ná sraith amháin suíocháin. Roimh an dáta sin, rinne oifigí mótarchánach na tiontuithe sin a phróiseáil. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gurb é an chúis a bhí leis an athrú ar nósanna imeachta riaracháin le haghaidh tiontaithe ó mhí an Mhárta 2024 ná chun na ceanglais a shoiléiriú agus rialuithe a neartú chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí cánach a d'fhéadfadh a bheith ann.

**21.69** Ní mór don dearbhú tiontaithe

- costas iomlán an tiontaithe mar aon le sonraisc agus fáltais lena léirítear na dátaí agus an costas a áireamh.
- a bheith stampáilte ag duine aonair ata cáilithe go hoiriúnach (SQI) agus fianaise go bhfuil an tiontú deimhnithe ag SQI a áireamh.
- deimhniú clárúcháin na feithicle a áireamh.
- fianaise ar astaíochtaí NOx d'fheithiclí de chatagóir A nó d'fheithiclí atá á dtiontú go catagóir A[1].
- tomhais a áireamh ar thoisí cró cúl-ualaithe agus grianghraif inmheánacha i gcás ina bhfuil an fheithicil á tiontú go catagóir N1 ag a bhfuil níos mó ná sraith amháin suíochán.
- grianghraif den taobh istigh agus den taobh amuigh i gcás mótarcharbhán.
- a bheith sínithe ag úinéir na feithicle lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an fheithicil tiontaithe ceanglais an dlí um thrácht ar bhóithre agus go bhfuil sí deimhnithe i gceart mar sin ag SQI.

**21.70** Mar chuid den imscrúdú, rinneadh athbhreithniú ar shampla de 39 dearbhú tiontaithe a bhí comhdhéanta de 15 dhearbhú a rinneadh roimh mhí an Mhárta 2024 a rinne trí oifig mótarchánach a phróiseáil agus 24 dearbhú a rinneadh tar éis mhí an Mhárta 2024 a rinne na Coimisinéirí Ioncaim a phróiseáil.

1 Tá catagóir A CCF le haghaidh feithiclí paisinéirí, lena n-áirítear carranna agus mionbhusanna (nach bhfuil níos mó ná ocht suíomh suí iontu sa bhreis ar shuíomh suí an tiománaí). Is den chatagóir Eorpach M1 iad na feithiclí go hiondúil ach áirítear orthu freisin feithiclí áirithe de chatagóir N1 a bhfuil ceithre shuíomh suí nó níos mó acu.

**21.71** Sa scrúdú, sainaithníodh saincheisteanna leis an gcáipéisíocht a choinnigh dhá cheann de na trí oifig mótarchánach. In oifig mótarchánach amháin, ní raibh aon ghrianghraif sna comhaid le haghaidh ceithre cinn de na cúig tiontú a ndearnadh athbhreithniú orthu, cé gur ceanglas a bhí inti sin tráth na n-athbhreithnithe. In oifig mótarchánach eile, ní raibh aon cháipéisíocht tacaíochta ann le haghaidh ceann amháin de na cúig thiontú a ndearnadh athbhreithniú orthu agus ní raibh dearbhú SQI, doiciméad maidir le meáchan ná grianghraif ann le haghaidh dhá thiontú eile.

**21.72** Níor aithníodh aon ábhair imní maidir leis an gcáipéisíocht a choinnigh na Coimisinéirí Ioncaim i leith an tsampla dearbhuithe a phróiseáil siad.

### *Daoine aonair atá cáilithe go cuí*

**21.73** Is innealtóir neamhspleách é 'duine aonair atá cáilithe go hiomchuí' (SQI) chun críche deimhniúcháin tiontaithe agus ní mór an méid seo a leanas a bheith acu

- cáilíocht innealtóireachta nó theicniúil (leibhéal a seacht nó cúrsa creidiúnaithe níos airde);
- taithí cúig bliana ar a laghad ag obair i dtimpeallacht theicniúil oiriúnach (timpeallacht mhótarfheithiclí nó innealtóireachta más féidir);
- rochtain ar shaoráidí leordhóthanacha chun scrúdú críochnúil a dhéanamh ar fheithiclí; agus
- árachas slánaíochta gairmiúla iomchuí; nó
- a bheith ina shaoráid cheadaithe de chuid an NSAI (Ionad Tástála Ceadaithe nó Ceardlann Cheadaithe le haghaidh Tiontú Feithiclí do Thiománaithe faoi Mhíchumas).

**21.74** Ní mór obair thiontaithe a dhéantar ar fheithiclí úsáidte a bheith deimhnithe go foirmiúil ag SQI. Ní dhéanann an NSAI iniúchadh ar SQInna. A luaithe a chuirtear an obair thiontaithe i gcrích, deimhníonn an SQI é féin ar an bhfoirm dearbhaithe tiontaithe go gcomhlíonann siad na critéir atá liostaithe thuas.

**21.75** I gcás tiontuithe feithiclí úsáidte, ní mór an dearbhú tiontaithe a bheith stampáilte ag SQI agus deimhniú a bheith ag gabháil leis, ar pháipéar ceannteidil an SQI, lena ndeimhnítear go ndearna siad iniúchadh ar an bhfeithicil agus go bhfuil siad sásta le caighdeán agus cáilíocht an tiontaithe agus le cruinneas dhearbhú úinéir na feithicle.

### *Cigireacht réamhchlárúcháin NCTS ar fheithiclí atá cláraithe thar lear*

**21.76** Tá feithiclí a cláraíodh roimhe seo i ndlínse eile faoi réir cigireachta ag an NCTS sula gcláraítear in Éirinn iad. Déanann ball foirne NCTS scrúdú amhairc agus fisiceach ar an bhfeithicil. Deimhnítear leis seo go meaitseálann mionsonraí na feithicle ar an deimhniú clárúcháin eachtrach agus ar an dearbhú tiontaithe leis an bhfeithicil a thíolactar lena clarú.

**21.77** Ó mhí an Mhárta 2025, tógann foireann NCTS grianghraif freisin d'fheithiclí atá cláraithe thar lear a thíolactar lena gclárú le dearbhuithe tiontaithe. Soláthraíonn an NCTS na grianghraif do na Coimisinéirí Ioncaim.

### *Anailís sonraí chun mí-aicmiú feithiclí a bhrath*

**21.78** Bhí sé mar aidhm ag an scrúdú na sonraí maidir le tiontuithe feithiclí atá sa NVDF a anailísiú thar an tréimhse 2019 go 2024. Mar sin féin, níorbh fhéidir ach anailís an-teoranta a chur i gcrích toisc

- nach bhfuil liosta iomlán cruinn de shainmhínithe réimse iontrála sonraí ag an Roinn don NVDF.
- bhí príomhréimsí áirithe a d'éiligh an fhoireann imscrúdaithe, mar shampla an chatagóir feithicle nó líon na suíochán roimh an tiontú agus ina dhiaidh, glan toisc nach bhfuil siad éigeantach, agus is 'téasc saor' iad roinnt réimsí, rud a fhágann go mbíonn neamhréireachtaí ann sna sonraí a taifeadadh.

**21.79** Dúirt an Roinn go bhfuil tionscadal ar bun chun feabhas a chur ar mheiteashonraí agus ar cháilíocht sonraí an NVDF, lena n-áirítear oibriú le comhpháirtithe seachtracha a sholáthraíonn sonraí.

**21.80** Fuarthas amach an méid seo a leanas san anailís ar an réimse 'líon na suíochán' sa NVDF maidir leis an 6 214 tiontú ó fheithiclí paisinéirí (M1) go feithiclí tráchtála N1 roimh an tiontú agus ina dhiaidh

- i 36% de na cásanna, níorbh fhéidir líon na suíochán a fháil amach roimh an tiontú toisc gur fágadh an réimse glan.
- i gcás nach raibh sonraí maidir le líon na suíochán bunaidh ar fáil
  - i 26% de na cásanna, tháinig laghdú dhá shuíochán ar líon na suíochán agus rinneadh formhór na gcásanna sin a thiontú ó sheacht suíochán go cúig shuíochán.
  - i 5% de na cásanna, ní raibh aon athrú ar líon na suíochán leis an tiontú.

**21.81** Fuair an fhoireann imscrúdaithe amach nach n-aithnítear tiontuithe a phróiseálann na Coimisinéirí Ioncaim go héasca sa NVDF. Mhínigh an Roinn, nuair a fhágtar an réimse 'oifig mótarchánach tiontaithe' glan, go léiríonn sé sin go ndearnadh na Coimisinéirí Ioncaim na tiontuithe a phróiseáil.

**21.82** Fuarthas seacht bhfeithicil in anailís ar na tiontaithe a próiseáladh sa NVDF ón 19 Márta 2024 i gcás ina léiríonn an 'oifig mótarchánach tiontaithe' go ndearna oifig mótarchánach údaráis áitiúil an tiontú a phróiseáil nuair ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim an tiontú a phróiseáil. Rinneadh trí cinn de na tiontuithe a phróiseáil ar an dáta a tugadh an t-athrú isteach, sular tháinig na hathruithe TF i bhfeidhm an oíche sin. Tá an chúis atá leis na ceithre iontráil eile á fiosrú ag an Roinn faoi láthair.

## Seiceálacha leanúnacha ar aicmiú feithiclí

**21.83** Chun comhlíonadh leanúnach na gceanglas maidir le cáin mótarfheithiclí ag úinéirí mótarfheithiclí a áirithiú, tá gá le sraith chuimsitheach beart chun cásanna neamhchomhlíonta a bhrath, a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu. Tá roinnt bealaí inar féidir mí-aicmiú féideartha feithiclí laistigh den stoc reatha feithiclí a shainaithint, lena n-áirítear na bealaí seo a leanas

- athbhreithnithe spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí atá ag teacht chun cinn in iompar cáiníocóirí.
- i rith tástálacha náisiúnta feithiclí (NCT/TRFT).
- mar chuid de ghnáthsheicphointí cois bóthair na gCoimisinéirí Ioncaim lena ndírítear ar chomhlíonadh CCF agus cúrsaí máil eile.
- le linn seiceálacha cois bóthair a dhéanann An Garda Síochána.

### *Tionscadail spriocdhírithe ag na Coimisinéirí Ioncaim*

**21.84** Ag deireadh 2023, mar chuid den ghnáthphróiseáil ar éilimh aisíocaíochta CBL, shainaithin rannóg gnó na gCoimisinéirí Ioncaim cásanna ina raibh éilimh aisíocaíochta CBL á gcur isteach ag cáiníocóirí ar mhótarfheithiclí ardleibhéil.

**21.85** Sainaithníodh go ndearna garáiste amháin roinnt de na héilimh aisíocaíochta CBL. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim anailís ar gach feithicil a cláraíodh don gharáiste seo ó 2021 chun an scála agus na rioscaí a bhí i gceist a bhunú. Shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim dhá chleachtas lena léirítear neamhchomhlíontacht fhéideartha mar a leanas.

- ***Tiontuithe réamhchlárúcháin***— feithiclí paisinéirí (M1) a thiontú ag a bhfuil dhá shraith suíochán go feithiclí tráchtála (N1) ag a bhfuil sraith amháin suíochán. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil baol ann go bhféadfaí an dara sraith suíochán a athshuiteáil nuair a bheidh an fheithicil cláraithe. Mar sin féin, ní fhéadfaí é sin a dheimhniú ach amháin trí iniúchadh fisiciúil ar an bhfeithicil. Baineann riosca CBL agus CCF leis an gcleachtas sin má aicmíodh an fheithicil go mícheart mar fheithicil tráchtála.
- ***Tiontuithe iarchlárúcháin*** — feithiclí paisinéirí (M1) a thiontú ag a bhfuil dhá shraith suíochán go feithiclí tráchtála (N1) ag a bhfuil dhá shraith suíochán. Dá bhrí sin, bhí baol ann nach ndearnadh aon tiontú/athrú ar na feithiclí. Leis an athaicmiú go N1 bhíothas in ann aisíocaíocht shuntasach CBL a éileamh agus mótarcháin níos ísle a chur i bhfeidhm. Ní raibh aon CCF i mbaol toisc gur íocadh an CCF ag an ráta níos airde (catagóir A) tráth an chláraithe.

**21.86** Leathnaigh na Coimisinéirí Ioncaim raon feidhme a n-anailíse agus shainaithin siad garáistí breise a d’fhéadfadh páirt a ghlacadh sa dá chleachtas sin, rud a léiríonn neamhchomhlíontacht fhéideartha. Sholáthair sé mionsonraí faoi thrí chás ar tháinig a rannóg gnó orthu mar chuid dá chuid oibre i ndáil le mí-aicmiú feithiclí (féach Fíor 21.13).

**21.87** I bhfianaise na saincheisteanna a sainaithníodh agus chun anailís mhórscála a éascú, fuair na Coimisinéirí Ioncaim sonraí ón Roinn maidir le feithiclí ar an NVDF i gcás inar athraíodh an t-aicmiú AE ó paisinéirí (M1) go tráchtáil (N1) idir mí Eanáir 2021 agus mí na Bealtaine 2025. Agus é seo á úsáid acu, mar aon lena sonraí clárúcháin féin, shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim 1 330 feithicil a mbeidh tuilleadh scrúdaithe ag teastáil ina leith. Bhunaigh na Coimisinéirí Ioncaim grúpa trasrannach, faoi chathaoirleacht a rannóige gnó, chun a gcur chuige a chomhordú chun na cásanna sin a chur chun cinn.

**21.88** Ar leithligh, in 2024, mar chuid de thionscadal sonrach a dhírigh ar thiontuithe neamhchomhlíontacha féideartha ar an CCF, shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim 120 feithicil mhótair lena n-athbhreithniú chun a fháil amach an raibh siad tiontaithe ó aicme tráchtála (N1) go haicme paisinéirí (M1) idir 2020 agus 2023. Ó Aibreán 2025,

- Sainaithníodh 58 feithicil (48%) agus rinneadh iniúchadh fisiciúil orthu.
- Níl iniúchadh fisiciúil déanta ar 62 feithicil go fóill. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go n-eiseofar litreacha chuig na húinéirí feithiclí sin ag tabhairt cuireadh dóibh chun go ndéanfar iniúchadh.

**21.89** Ó na 58 iniúchadh fisiciúla, dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim gur tiontaíodh 14 ó phaisinéir (M1) go tráchtáil (N1) roimh chlárú agus go ndearnadh aicmiú paisinéara (M1) orthu ina dhiaidh sin. Níor cuireadh na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoin tiontú ar ais go haicmiú paisinéirí (M1), agus níor íocadh an CCF breise a bhí dlite.

**21.90** Tar éis iniúchta, d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim rabhaidh do na 14 úinéir feithiclí ag rá go raibh 30 lá acu chun an fhadhb a réiteach i.e. an CCF breise atá dlite a íoc nó an fheithicil a thiontú ar ais go haicmiú tráchtála.[1] Mar thoradh air sin

- d'íoc beirt úinéirí feithiclí CCF breise arb ionann é agus EUR 13 000 san iomlán.
- rinne triúr úinéirí feithiclí a thiontú ar ais ina bhfeithiclí (tráchtála) N1.

**21.91** Ní bhfuarthas aon teagmháil eile ó na naoi n-úinéir feithiclí eile. Tá sé beartaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim litreacha a eisiúint chuig na húinéirí feithiclí sin ag tabhairt cuireadh dóibh na feithiclí a chur i láthair lena n-iniúchadh arís.

1 Tugadh an rogha lamháltais d'úinéirí feithiclí an fheithicil a thiontú ar ais ina feithicil tráchtála toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh úinéir reatha na feithicle ar an eolas faoin tiontú m.sh. dá mba rud é gur athraigh an fheithicil lámha ó rinneadh an tiontú nó nár chuir an trádálaí an custaiméir ar an eolas faoin tiontú.

### *Gníomhaíochtaí forfheidhmithe na gCoimisinéirí Ioncaim*

**21.92** Déanann brainsí bainistíochta teorann na gCoimisinéirí Ioncaim réimse oibre chun feithiclí a d'fhéadfadh a bheith aicmithe go mícheart a aithint, mar shampla

- ag seicphointí agus ar phatróil ghinearálta ag lorg táscairí riosca a léiríonn tiontuithe m.sh. cáin bóthair tráchtála agus/nó deimhniú tástála ródacmhainneachta feithicle tráchtála agus suíocháin i gcúl na feithicle.
- rochtain a fháil ar an NVDF i bhfíor-am chun mionsonraí feithiclí aonair a mbuaileann siad leo ar patról a sheiceáil.
- obair leantach a dhéanamh ar fhaisnéis ó laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim faoi ghnólachtaí a dhíolann feithiclí a d'fhéadfaí a thiontú.
- seiceáil feithiclí a shainaithnítear i dtuairiscí 'saoránach maith' agus i dtuairiscí imghabhála cánach.[1]
- próifíliú na meán sóisialta agus faisnéise foinse oscailte chun a aithint an bhfuil feithiclí tiontaithe á bhfógairt mar fheithiclí tráchtála.

**21.93** Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim gur braitheadh 16 chás i ndáil le feithiclí mí-aicmithe sa tréimhse 2019 – 2024. I ngach cás díobh sin, rinne na Coimisinéirí Ioncaim iad a urghabháil. Díobh seo, scaoileadh 13 fheithicil leis an gcustaiméir ar íocaíocht suime comhréitigh agus bailíodh beagán os cionn EUR 9 000. Tá na trí fheithicil eile fós faoi choimeád na gCoimisinéirí Ioncaim.

**21.94** As na 13 fheithicil a scaoileadh, rinneadh ocht gcinn a thiontú ar ais go dtí aicmiú tráchtála (N1) agus deimhníodh é seo le linn iniúchta. Íocadh CCF breise i gcás na gcúig fheithicil eile, arb ionann é agus beagán os cionn EUR 66 000.

1 Tuairiscí chuig na Coimisinéirí Ioncaim ó dhaoine aonair/cuideachtaí maidir le cásanna ina bhfuil amhras faoi imghabháil cánach agus dleachta.

### Fíor 21.13 Idirghabhálacha na gCoimisinéirí Ioncaim — mí-aicmiú feithiclí

**Cás 1 — *gearríocaíocht CCF ag déileálaí gluaisteán a bhí ag tiontú feithiclí nua cláraithe in Éirinn a thug EUR 395 000 lena n-áirítear ús agus pionóis***

Seo a leanas na saincheisteanna ba chúis leis an toradh.

- Bhí fostaí de chuid an déileálaí gluaisteán tar éis catagóir na feithicle a leasú i gcás 37 feithicil ar a ndeimhnithe comhréireachta a cuireadh faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim, rud a rinne na feithiclí a aicmiú go mícheart mar fheithiclí tráchtála (N1). Mar thoradh air sin, cuireadh an ráta comhréidh EUR 200 de CCF i bhfeidhm i gcás feithiclí tráchtála in ionad an ráta níos airde (thart ar EUR 5 600) i gcás feithiclí paisinéirí. Ní dhéantar an cineál feithicle sa chás sin a mhonarú ach mar fheithicil paisinéirí (M1).
- Dhíol an déileálaí sé fheithicil le déileálaí eile gan na tiontuithe a dhéanamh, agus cheannaigh an déileálaí na feithiclí chun na tiontuithe a dhéanamh ina ionad. Fuair na Coimisinéirí Ioncaim amach nár tiontaíodh trí cinn de na feithiclí riamh agus gur díoladh iad mar fheithiclí paisinéirí (M1). Dearbhaíodh an ráta comhréidh CCF de EUR 200, ach ba é EUR 11 700 an CCF ceart a bhí dlite ar gach feithicil.
- Mar thoradh ar earráid chórais i gcóras TF an déileálaí, níor aithníodh samhlacha feithiclí modhnaithe i gceart i gcás 83 feithicil agus mar thoradh air sin cuireadh na rátaí CCF míchearta i bhfeidhm.

**Cás 2 — *bailíocht tiontuithe ag déileálaí mótarfheithiclí a thrádálann feithiclí athláimhe allmhairithe a mheasann na Coimisinéirí Ioncaim a d'fhéadfadh níos mó ná EUR 1 mhilliún a thabhairt isteach, lena n-áirítear torthaí faoi dhleachtanna custaim, CCF agus cáin ioncaim/CBL***

Tar éis athbhreithniú tosaigh inar aithníodh rioscaí féideartha maidir le CBL, cáin ioncaim agus dleachtanna custaim, chuir na Coimisinéirí Ioncaim an cás ar aghaidh chuig imscrúdú. Tá an cás ar siúl faoi láthair.

Is í an tsaincheist sa chás seo ná tiontú réamhchlárúcháin feithiclí ó fheithiclí paisinéirí (M1) le cúig shuíochán go feithiclí tráchtála (N1) le dhá shuíochán, rud a fhágann go mbaintear leas as an ráta tráchtála níos ísle chun críocha CCF. Cuireadh na feithiclí tiontaithe i láthair an NCTS mar fheithiclí tráchtála dhá shuíochán agus cláraíodh iad ansin. Tar éis an chlárúcháin, athchóiríodh na suíocháin agus díoladh na feithiclí ina dhiaidh sin mar fheithiclí paisinéirí cúig shuíochán.

**Cás 3 — *bailíocht éileamh aisíocaíochta CBL le haghaidh tiontuithe feithiclí a raibh urghabháil trí fheithicil mar thoradh orthu a raibh luach margaidh measta EUR 590 000 agus gearríocaíocht CBL EUR 186 000 mar thoradh orthu***

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le hanailís ar éilimh aisíocaíochta CBL ó ghnólachtaí i leith feithiclí ardluacha a tiontaíodh ó fheithiclí paisinéirí (M1) go feithiclí tráchtála (N1). Aithníodh leis sin líon suntasach feithiclí a dearbhaíodh a bheith á dtiontú ina bhfeithiclí tráchtála roimh a gcéad chlárú in Éirinn.

Is é an riosca féideartha go ndéanfadh úinéir na feithicle

- leas a bhaint as asbhaint CBL as ceannach na feithicle; nó
- as an ráta laghdaithe CCF do fheithiclí tráchtála (13.3%); nó
- go ndéanfadh sé/sí an fheithicil a thiontú ar ais ina feithicil paisinéirí tar éis cláraithe gan an dearbhú riachtanach a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim agus an CBL breise atá dlite a íoc.

Coinníodh trí fheithicil a roghnaíodh lena n-iniúchadh mar nár chomhlíon siad na critéir le haghaidh feithicle tráchtála. Tar éis agallaimh le Stiúrthóir na cuideachta, urghabhadh na trí fheithicil ar fad as cionta CCF. Beidh an grúpa tras-rannach ag breithniú conas is fearr aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le feithiclí eile a sainaithníodh mar chuid den anailís.

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

### *Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath — tuarascáil 2018*

**21.95** I mí na Bealtaine 2018, chuir oifig mótarchánach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) tuarascáil ar fáil don Roinn maidir le cleachtas a sainaithníodh i ndáil le tiontú feithiclí áirithe.

**21.96** Thug an tuarascáil faoi deara gur eisigh an NSAI liosta de 33 déantús agus samhail feithiclí nach gcomhlíonfadh na critéir le haghaidh aicmithe tráchtála (N1) dá ndéanfaí iad a thiontú le dhá shraith suíochán. Dheimhnigh an NSAI leis an bhfoireann imscrúdaithe go raibh an liosta sin bunaithe ar shampla feithiclí a ndearna siad tástáil orthu agus nach raibh ann ach chun críocha faisnéise amháin.

**21.97** D'aithin DCC cleachtas chun an srian sin a sheachaint trína ndéantar feithiclí den chineál atá liostaithe a thiontú le sraith amháin suíochán agus ar an gcaoi sin na critéir le haghaidh feithiclí tráchtála (N1) a chomhlíonadh. Ach ina dhiaidh sin, rinneadh dhá shraith suíochán de na feithiclí sin agus a n-aicmiú tráchtála (N1) á choinneáil acu. Is cosúil nach raibh an cleachtas sin toirmiscthe.

**21.98** Shainaithin anailís DCC 75 feithicil a d’úsáid an cur chuige seo sna chéad cheithre mhí de 2018, agus meastar dá bhrí sin go mbeadh 225 cás den sórt sin ann sa bhliain iomlán. B'ionann an meánlaghdú ar ioncam bliantúil mótarchánach a baineadh amach leis an gcleachtas seo agus EUR 1 000 in aghaidh na feithicle.[1]

### *Tástálacha náisiúnta feithiclí*

**21.99** Tá feithiclí mótair faoi réir clár iniúchta feithicle éigeantach atá deartha chun a chinntiú go gcomhlíonann siad caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta agus chomhshaoil agus chun a chinntiú go bhfuil na feithiclí oiriúnach don bhóthar. Bíonn feithiclí paisinéirí (M1) faoi réir iniúchta rialta ag an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán (NCTS) agus bíonn feithiclí tráchtála faoi réir iniúchta bhliantúil ag an Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (TRFT).[2,3]

**21.100** Déanann na hoibreoirí mionsonraí na feithicle a theastaíonn le haghaidh tástálacha a íoslódáil ón NVDF chuig an gcóras NCTS (don NCT) agus an córas CoVIS (don TRFT). Mhínigh an Roinn Iompair nach bhfuil aon phróiseas foirmiúil i bhfeidhm trína bhféadann oibreoirí NCT agus TRFT an Roinn a chur ar an eolas faoi neamhréireachtaí leis na sonraí ar an NVDF a d’fhéadfadh siad a aithint le linn tástála. Tá eisceacht amháin ann – i gcás ina n-aithnítear meáchan comhlán feithicle deartha mícheart le linn TRFT, is féidir an fhaisnéis nuashonraithe a aistriú chuig an NVDF lena nuashonrú.

**21.101** Tá tuarascálacha modhnúcháin deimhnithe agus stampáilte ag SQI ag teastáil freisin nuair a dhéantar modhnú ar an bhfeithicil óna tástáil dheireanach. Áirítear sa tuarascáil an chatagóir AE agus líon na suíochán roimh agus tar éis an mhodhnaithe. Deimhníonn oibreoir NCTS/TRFT go gcomhlíonann an fheithicil na modhnuithe a thuairiscítear sa tuarascáil modhnuithe. Ní chuimsíonn an tástáil seiceáil go bhfuil tiontú curtha i gcrích i gceart. Má theipeann ar an úinéir tuarascáil modhnúcháin a sholáthar in áit a bhfuil sí ag teastáil, ní éireoidh leis an bhfeithicil sa tástáil. Ní roinneann oibreoirí an NCT ná an TRFT tuarascálacha modhnuithe leis an Roinn.

1 Bhí an meastachán bunaithe ar leibhéil ghníomhaíochta DCC ag an am sin.

2 Tá an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán á reáchtáil ag Applus Inspection Services Ireland Ltd thar ceann an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Déantar an Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála ag ionaid tástála atá faoi úinéireacht agus faoi oibriú neamhspleách agus atá údaraithe agus faoi mhaoirseacht an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre.

3 Déantar an NCT gach dhá bhliain ar fheithiclí paisinéirí atá 4 – 10 mbliana d’aois; ní mór iniúchadh bliantúil a dhéanamh ar fheithiclí atá níos sine ná 10 mbliana.

### *Seiceálacha cois bóthair ag an nGarda Síochána*

**21.102** Dúirt an Garda Síochána, cé go bhféadfadh Garda a bhfuil taithí aige feithicil mhí-aicmithe a aithint ag seicphointe Garda, nach gnáthchuid de sheicphointe é seiceáil aicmiú feithicle.

## Conclúidí agus moltaí

**21.103** Sa bhliain 2024, bhí thart ar 3.1 milliún feithicil ar na bóithre in Éirinn. Tá réimse cánacha agus dleachtanna i bhfeidhm maidir le feithicil mhótair a bheith i seilbh in Éirinn, lena n-áirítear CBL, CCF, dleacht chustaim agus mótarcháin. Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim iad sin seachas mótarcháin a bhailíonn an Roinn trí chóras íocaíochta ar líne, agus trí oifigí mótarchánach na n-údarás áitiúil.

**21.104** B'ionann na fáltais ó CCF agus ó mhótarcháin agus EUR 1.9 billiún in 2024. Níl miondealú ar fáil ar fháltais CBL agus ar dhleachtanna custaim i leith mótarfheithiclí.

### *Costas bailithe mótarchánach*

**21.105** Ní dhéantar costas comhcheangailte ar riaradh an chórais mhótarchánach a thiomsú ná a thuairisciú go lárnach.

**21.106** Is féidir le húinéirí feithiclí an mhótarcháin a athnuachan ar líne nó go pearsanta ag a n-oifig mótarchánach áitiúil. Sa bhliain 2024, rinneadh thart ar 87% d'idirbhearta mótarchánach ar líne.

**21.107** Tugann úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha deiseanna chun éifeachtúlacht bhailiú na mótarchánach a fheabhsú agus costas riaracháin a laghdú. Tá forálacha sa Bhille um an gComhad Náisiúnta Tiománaithe agus Feithiclí 2025 chun deireadh a chur leis an gceanglas dioscaí mótarchánach páipéir a thaispeáint ar ghaothscáthanna feithiclí. Mar sin féin, beidh infheistíocht i dteicneolaíocht tacaíochta ag teastáil chun córas den sórt sin a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

**21.108** Is féidir le húinéirí feithiclí mótarcháin a íoc ar feadh tréimhsí trí, sé nó 12 mhí. Cuireann athnuachaintí gearrthéarmacha mótarchánach costais níos airde ar cháiníocóirí, ar an Roinn agus ar údaráis áitiúla. Sa bhliain 2024, bhí thart ar 62% d'idirbhearta mótarchánach ar feadh níos lú ná bliain amháin. Níl anailís déanta ag an Roinn go fóill ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar chustaiméirí mótarcháin a athnuachan ar feadh tréimhsí níos giorra ná 12 mhí.

**Moladh 21.1**

Ba cheart don Roinn anailís a dhéanamh ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar chustaiméirí mótarcháin a athnuachan ar feadh tréimhsí níos giorra ná 12 mhí. Ba cheart di roghanna íocaíochta breise a iniúchadh freisin m.sh. socruithe íocaíochta céimnithe dochair dhírigh.

**Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Iompair**

Aontaítear leis.

Rinne an Roinn anailís a léirigh go ngearrtar cáin níos minice ar fheithiclí níos sine de ghnáth agus d’fhéadfadh sé sin a bheith mar gheall ar inacmhainneacht nó mar gheall ar ionchas go mbeidh an fheithicil neamheacnamaíoch le cothabháil go luath.

Déanfaidh an Roinn anailís bhreise tar éis an aistrithe chuig dioscaí gan pháipéar a bheith curtha i gcrích go rathúil agus tar éis don athchóiriú dul i bhfeidhm (ós rud é go bhféadfadh an t-athchóiriú sin féin athruithe a dhéanamh ar iompar custaiméirí agus tógfaidh sé tamall le feiceáil an bhfuil siad sin sealadach nó buan).

Ní fhéadfaí roghanna íocaíochta trí dhochar díreach a chur ar fáil agus dioscaí fisiciúla á n-eisiúint mar go raibh an costas ag baint le diosca a aisghabháil nuair a cuireadh an dochar díreach ar ceal toirmeascach. Éilíonn tabhairt isteach dochair dhírigh infheistíocht shuntasach i dteicneolaíocht agus i bhfórsa saothair. Breithneofar é seo agus déanfar measúnú air ó thaobh cost-éifeachtúlachta de.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Deireadh 2026 nó tús 2027, ag brath ar an amlíne deiridh maidir le rolladh amach dioscaí gan pháipéar.

### *Cáilíocht faisnéise aitheantais úinéara*

**21.109** Tá feabhsuithe suntasacha tagtha ar fhíorú aitheantais úinéirí le blianta beaga anuas. Ceanglaítear anois ar gach úinéir feithicle fianaise dhoiciméadach a sholáthar maidir lena n-ainm agus a seoladh agus a UPSP ag an gcéad chlárú.

**21.110** I gcás ina gcuirtear aistriú úinéireachta i bhfeidhm trí áis ar líne, chun an t-aistriú a chríochnú, ní mór don cheannaitheoir a chéannacht a fhíorú trí chuntas MyGovID fíoraithe a úsáid. Ní gá don cheannaitheoir cruthúnas céannachta a chur isteach nuair a bhíonn an t-aistriú úinéireachta críochnaithe trí dheimhniú clárúcháin na feithicle a sheoladh (agus an chuid maidir le haistriú úinéireachta críochnaithe) chuig an Roinn.

### *Comhlíonadh mótarchánach a thomhas*

**21.111** D’fhéadfadh sé go mbeadh sé indéanta patrúin atá ag teacht chun cinn maidir le neamhchomhlíonadh a bhrath go luath trí rátaí comhlíonta mótarchánach a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh air. Níl aon chóras ann fós chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh nó imghabháil mótarchánach agus iad a thuairisciú.

**Moladh 21.2**

Ba cheart don Roinn rátaí comhlíonta mótarchánach a thomhas, monatóireacht a dhéanamh orthu agus tuairisciú a dhéanamh orthu.

**Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Iompair**

Aontaítear leis.

Breithneoidh an Roinn méadrachtaí iomchuí don tasc seo chomh maith le himscrúdú a dhéanamh ar na tacair sonraí sheachtracha a d'fhéadfadh cabhrú le feithiclí a shainaithint a úsáideann bóithre poiblí gan cháin á ngearradh orthu.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Tá méadrachtaí tagarmhairc le haghaidh comhlíonadh mótarchánach le bunú faoi dheireadh 2026.

**21.112** Is dliteanas ar úinéir na feithicle riaráistí mótarchánach le linn thréimhse na riaráistí agus fanann siad leis an úinéir nuair a aistrítear an fheithicil trí dhíol nó ar shlí eile. Murab ionann agus cánacha eile ar shócmhainní, ní bhaineann mótarcháin leis an bhfeithicil, agus mar sin níl gá ná dreasacht ag úinéir nua a chinntiú go n-íoctar mótarcháin suas go dtí an dáta a aistrítear úinéireacht. Is ceist bheartais aon athrú ar an dlí ina leith sin.

**21.113** Is táscaire úsáideach freisin é rianú a dhéanamh ar leibhéal na riaráistí mótarchánach ar leibhéil neamhchomhlíontachta ag úinéirí feithiclí. Cé gur féidir leis an Roinn méid na riaráistí a íoctar gach bliain a dhearbhú, níl faisnéis ar fáil go héasca faoi mhéid iomlán na riaráistí mótarchánach atá gan íoc

**Moladh 21.3**

Ba chóir don Roinn monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal na riaráistí mótarchánach agus tuairisciú a dhéanamh air. Ba cheart go mbeadh próiseas i bhfeidhm aici freisin chun obair leantach a dhéanamh ar na méideanna atá gan íoc chun an méid caillteanais don Státchiste a íoslaghdú.

**Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Iompair**

Aontaítear leis.

Déanfaidh an Roinn measúnú ar bhealaí chun feabhas a chur ar mhonatóireacht agus ar thuairisciú riaráistí. Breithneoidh sí freisin, i gcomhar le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, an bunús dlíthiúil atá ar fáil chun riaráistí mótarchánach a shaothrú agus na sásraí bailithe is féidir a úsáid chuige sin.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Tá méadrachtaí tagarmhairc le haghaidh riaráistí mótarchánach le bunú faoi dheireadh 2026.

**21.114** Braitheann an Roinn ar ghníomhaireachtaí eile chun comhlíonadh a fhorfheidhmiú maidir le híocaíocht mótarchánach. Ní ghlacann sí aon chéimeanna gníomhacha féin chun comhlíonadh íocaíochta níos fearr a spreagadh.

**Moladh 21.4**

Ba cheart don Roinn machnamh a dhéanamh ar an raon feidhme maidir le meabhrúcháin a eisiúint nuair nach n-íoctar mótarcháin in am.

**Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Iompair**

Aontaítear leis.

Tá an Roinn ag breithniú cheana féin na roghanna agus na deiseanna chun an córas meabhrúcháin a fheabhsú ar bhealach costéifeachtach i gcomhthéacs thabhairt isteach dioscaí gan pháipéar. Áireofar leis sin scrúdú a dhéanamh ar bhealaí éagsúla chun meabhrúcháin a eisiúint (mar shampla, ríomhphoist agus SMS) chun costais mhéadaitheacha an phoist a mhaolú.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Deireadh 2026 nó tús 2027, ag brath ar an amlíne deiridh maidir le rolladh amach dioscaí gan pháipéar.

## *Tiontú feithiclí paisinéirí*

**21.115** Ag deireadh 2024, bhí beagnach 77% de na feithiclí ar fad ar bhóithre na hÉireann ina bhfeithiclí paisinéirí (M1). Tá rátaí níos airde mótarchánach agus CCF iníoctha i leith feithiclí M1 i gcomparáid le feithiclí tráchtála (N1). Má athraítear aicmiú feithicle, is féidir go gciallódh sé go n-íocfaidh an t-úinéir níos lú CBL agus mótarchánach, agus i gcásanna áirithe, féadfaidh sé/sí an CBL a íocadh ag pointe díola na feithicle a éileamh ar ais freisin.

**21.116** Idir 2019 agus 2024, rinneadh meán de bheagán os cionn 1 000 feithicil in aghaidh na bliana a thiontú ó fheithiclí paisinéirí (M1) go feithiclí tráchtála (N1). Thit sé sin go géar in 2024, go dtí beagán os cionn 550 tiontú den sórt sin, tar éis do na Coimisinéirí Ioncaim clárú na dtiontuithe a ghlacadh orthu féin.

**21.117** Bhain thart ar 62% den iomlán (6 214) tiontú ó 2019 go 2024 le feithiclí nua roimh chlárú agus bhain 38% le feithiclí úsáidte a bhí cláraithe cheana féin in Éirinn nó i ndlínse eile.

**21.118** Athraíonn na nósanna imeachta agus na seiceálacha ar thiontú feithiclí ag brath ar cé acu an fheithicil nua nó úsáidte í, agus cé acu an raibh sí cláraithe roimhe seo i ndlínse eile. Cuireann sé sin castacht leis an gcóras, rud a mhéadaíonn an riosca neamhchomhlíonta.

**21.119** I gcás sampla de dhearbhuithe um thiontú a próiseáladh roimh an 19 Márta 2024, fuarthas amach sa scrúdú go raibh fianaise dhoiciméadach neamhiomlán faighte agus/nó coinnithe ag dhá oifig mótarchánach. Níor aithníodh aon ábhair imní maidir leis an gcáipéisíocht a choinnigh na Coimisinéirí Ioncaim i leith an tsampla dearbhuithe a phróiseáil siad ó ghlac siad leis an bhfeidhm sin ó Mhárta 2024.

### *Úsáid sonraí chun imghabháil mótarchánach a aithint*

**21.120** Tá faisnéis thábhachtach faoi fheithiclí agus a n-úinéirí in Éirinn ag an NVDF ar a mbraitheann roinnt comhlachtaí, lena n-áirítear an Roinn, na Coimisinéirí Ioncaim, oifigí mótarchánach na n-údarás áitiúil, An Garda Síochána, NCTS, TRFT agus cuideachtaí árachais. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go bhfuil sonraí an NVDF iomlán agus iontaofa.

**21.121** Bhí sé mar aidhm ag an scrúdú sonraí tiontuithe atá sa NVDF le sé bliana anuas (2019 – 2024) a anailísiú ach bhí an cleachtadh sin an-deacair. Níl aon sainmhíniú ann do gach réimse, is cosúil go bhfuil go leor réimsí roghnach agus ceadaíonn cuid acu téacs saor rud a d'fhéadfadh neamhréireachtaí sna sonraí a bheith mar thoradh air. Cuireann sé sin isteach ar chumas na Roinne na sonraí a anailísiú go bríoch, agus iad a úsáid mar uirlis chun comhlíonadh an chórais cánach a bhainistiú agus a thuairisciú.

### *Seiceálacha leanúnacha ar aicmiú feithiclí*

**21.122** Chun a chinntiú go leanann úinéirí feithiclí de bheith ag comhlíonadh a n-oibleagáidí cánach, tá gá le cur chuige comhordaithe chun cásanna neamhchomhlíonta a bhrath, a chosc agus déileáil leo. Aithnítear mí-aicmiú feithiclí trí athbhreithnithe spriocdhírithe ag idirghabháil chomhlíontachta agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe na gCoimisinéirí Ioncaim, chomh maith le tástálacha náisiúnta feithiclí agus seiceálacha cois bóthair ag an nGarda Síochána.

#### *Athbhreithnithe spriocdhírithe ag na Coimisinéirí Ioncaim*

**21.123** Spreag próiseáil rialta éileamh aisíocaíochta CBL ó gharáistí go déanach in 2023 na Coimisinéirí Ioncaim chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le mí-aicmiú feithiclí agus mar thoradh air sin aithníodh dhá chleachtas imní maidir le tiontuithe aicmithe. Aithníodh gearríocaíochtaí suntasacha, rud a d'fhág gur bailíodh toradh breise de CCF, CBL agus de cháin ioncaim. Tá líon suntasach cásanna aitheanta le haghaidh imscrúdaithe breise, atá ar siúl go fóill.

#### *Tástálacha náisiúnta feithiclí*

**21.124** Tá feithiclí mótair in Éirinn faoi réir clár iniúchta feithicle éigeantach atá deartha chun a chinntiú go gcomhlíonann siad caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta agus chomhshaoil agus chun a chinntiú go bhfuil na feithiclí oiriúnach don bhóthar. Déanann na hoibreoirí mionsonraí na bhfeithiclí a theastaíonn le haghaidh tástálacha a íoslódáil ón NVDF chuig na córais ábhartha (córas NCTS do NCT agus CoVIS do TRFT). Níl aon phróiseas foirmiúil i bhfeidhm faoi láthair d'oibreoirí NCT agus TRFT chun neamhréireachtaí a aithnítear leis na sonraí ar an NVDF le linn tástála feithiclí a chur in iúl.

# Iarscríbhinn 21A Ról comhlachtaí éagsúla Stáit i riarachán agus bailiú cánacha ar mhótarfheithiclí

| Comhlacht stáit | Ról |
|---|---|
| **An Roinn Airgeadais** | • Forbairt beartas mótarchánach (lena n-áirítear socrú rátaí mótarchánach), beartas CCF agus CBL |
| **An Roinn Iompair** | • Mótarcháin a bhailiú<br>• An Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF) a choinneáil<br>• Tacaíonn sí leis an Roinn Airgeadais i bhforbairt beartas agus nósanna imeachta mótarchánach |
| **Na Coimisinéirí Ioncaim** | • Mótarfheithiclí a chlárú<br>• CCF, CBL agus dleachtanna custaim i leith mótarfheithiclí a bhailiú<br>• Tiontuithe feithiclí a phróiseáil do gach feithicil nua agus athláimhe atá cláraithe thar lear mar chuid den phróiseas cláraithe feithiclí<br>• Tiontuithe feithiclí a phróiseáil le haghaidh feithiclí atá cláraithe in Éirinn i gcás<br>— ina bhfuil an dearbhú le haghaidh feithiclí de chatagóir N1, a bhfuil níos mó ná trí shuíochán acu, beag beann ar an aicmiú nó ar líon na suíochán roimh an tiontú[a]<br>— ina bhfuil catagóir B, C nó D de CCF le feiceáil ar an deimhniú clárúcháin feithicle (nó ina bhfuil sé bán) agus<br>— cuireadh suíocháin leis ionas go mbeidh an líon iomlán nua (lena n-áirítear an tiománaí) ionann is naoi suíochán nó níos lú nó go raibh deich suíochán nó níos mó sa fheithicil, agus baineadh suíocháin ionas go mbeidh an líon iomlán nua (lena n-áirítear an tiománaí) ionann is naoi suíochán nó níos lú nó<br>— go ndearnadh an fheithicil a thiontú ina mhótarcharbhán |
| **Údaráis áitiúla (oifigí mótarchánach)** | • Mótarcháin a bhailiú<br>• Dearbhuithe tiontuithe feithiclí a phróiseáil le haghaidh feithiclí úsáidte (cláraithe in Éirinn agus thar lear) do gach feithicil eile nach bpróiseálann na Coimisinéirí Ioncaim iad. |
| **An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann** | • Údarás ceadaithe ceaptha in Éirinn atá freagrach as gach ceadú náisiúnta a eisiúint d'fheithiclí nua neamhchláraithe a chuaigh trí chéim ina dhiaidh sin de thiontú/mhodhnú roimh chlárú<br>• Ceadú agus iniúchadh a dhéanamh ar ionaid tástála ceadaithe le haghaidh feithiclí nua neamhchláraithe a chuaigh trí chéim ina dhiaidh sin de thiontú/mhodhnú roimh chlárú |
| **An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre** | Rialachas agus maoirseacht na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna (NCTS) agus na Tástála Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (TRFT). |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Iarscríbhinn 21B Aicmiú feithiclí agus catagóirí CCF

| Catagóir AE | Catagóir CCF[a] |
|---|---|
| M1 — feithiclí paisinéirí nach bhfuil níos mó ná ocht suíomh suí iontu sa bhreis ar shuíomh suí an tiománaí agus gan spás do phaisinéirí ina seasamh | Catagóir A |
| M2 — feithiclí paisinéirí nach bhfuil níos mó ná ocht suíomh suí iontu sa bhreis ar shuíomh suí an tiománaí, féadfaidh spás a bheith iontu do phaisinéirí ina seasamh agus nach mó ná cúig thonna iad | Catagóir C |
| M3 — feithiclí paisinéirí nach bhfuil níos mó ná ocht suíomh suí iontu sa bhreis ar shuíomh suí an tiománaí, féadfaidh spás a bheith iontu do phaisinéirí ina seasamh agus níos mó ná cúig thonna | Catagóir C |
| Mótarcharbháin (is féidir iad a bheith i gcatagóir M1, M2 nó M3) | Catagóir B |
| N1 — feithiclí tráchtála, atá deartha agus tógtha chun earraí a iompar agus nach mó ná 3.5 tonna iad | Catagóir A, Catagóir B nó<br>Ráta comhréidh EUR 200 d'fheithiclí a aicmítear mar chatagóir N1 ag gach céim den mhonarú le níos lú ná ceithre shuíochán, agus<br>• a bhfuil mais ualaithe uasta incheadaithe go teicniúil acu, ag aon chéim den mhonarú, atá níos mó ná 130% de mhais seirbhíse na feithicle le cabhalra in ord reatha, nó<br>• ón 1 Eanáir 2025, is feithiclí leictreacha iad a bhfuil mais ualaithe uasta incheadaithe go teicniúil acu, ag aon chéim den mhonarú, atá níos mó ná 125% de mhais na feithicle le cabhalra in ord reatha. |
| N2 — feithiclí tráchtála atá deartha chun earraí a iompar a bhfuil mais uasta níos mó ná 3.5 tonna acu ach nach mó ná 12 tonna | Catagóir C |
| N3 — feithiclí tráchtála atá deartha chun earraí a iompar a bhfuil mais uasta níos mó ná 12 tonna acu | Catagóir C |
| L1 go L7 — gluaisrothair agus feithiclí trí roth áirithe (lena n-áirítear móipéid leictreacha) | Catagóir M |
| T1 go T5 — tarracóirí/feithiclí talmhaíochta | Catagóir C |

Foinse: Lámhleabhar Cánach agus Dleachta na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le Cáin Cláraithe Feithiclí (Lámhleabhar Roinn 1 Cuid A)

Nóta: a Is feithicil chun críche speisialta í feithicil de chatagóir D CCF amhail otharcharr, inneall dóiteáin nó feithicil a úsáidtear chun innealra tógála bóithre a iompar. Ní bhaineann feithiclí de chatagóir D le catagóir shonrach AE agus gearrtar táille orthu ag ráta nialas faoin gcéad de luach na feithicle.

## Iarscríbhinn 21C Sampla de choigilteas cánach féideartha a bhaineann le feithicil phaisinéirí a thiontú ina feithicil tráchtála

Glactar leis sa sampla seo gur feithicil nua í an fheithicil a cheannaigh déileálaí ó mhonaróir mar fheithicil phaisinéirí cúig shuíochán M1, tiontaithe go feithicil dhá shuíochán N1 agus gurb é EUR 5 000 costas an tiontaithe. Glactar leis freisin go bhfuil astaíochtaí arda $CO_2$ agus astaíochtaí ísle NOx ag an bhfeithicil.

Sa chás seo, bheadh praghas miondíola na feithicle thart ar EUR 30 000 níos lú tar éis an tiontaithe mar gheall ar an ráta CCF níos ísle. Níl aon riosca ann do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le tiontú na feithicle; bheadh an riosca ann go bhféadfaí an fheithicil a thiontú ar ais ina feithicil cúig shuíochán ina dhiaidh sin, gan dearbhú a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim.

Tá impleachtaí ann freisin maidir le 'sochar comhchineáil' (BIK), ach níl siad san áireamh sa sampla thíos. Is é thart ar EUR 1 250 an muirear cánach mótar bliantúil ar fheithicil a úsáidtear chun críocha príobháideacha a bhfuil leibhéil arda astaíochtaí aici, agus is é EUR 333 an muirear mótarchánach bliantúil ar fheithicil tráchtála, a bhfuil astaíochtaí coibhéiseacha aici.

**Fíor 21C.1 Difríocht praghais le haghaidh feithicil tráchtála a thiontú go feithicil paisinéirí**

| | Cúig shuíochán M1 (CCF catagóir A) € | Dhá shuíochán N1 (CCF Catagóir B) € |
|---|---|---|
| Costas na feithicle don déileálaí | 50,000 | 50,000 |
| Costas an tiontaithe | — | 5,000 |
| **Praghas costas iomlán** | **50,000** | **55,000** |
| Corrlach brabúis/uasmharcála (10%) | 5,000 | 5,500 |
| Praghas ex. CBL | 55,000 | 60,500 |
| CBL (23%) | 12,650 | 13,915 |
| **Praghas CBL san áireamh** | **67,650** | **74,415** |
| CCF[a] | 47,011 (41%) | 11,415 (13.3%) |
| NOx[b] | 100 | — |
| **Praghas díola margaidh oscailte** | **114,761** | **85,830** |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Ríomhtar an ráta CCF bunaithe ar na hastaíochtaí $CO_2$ móide na hastaíochtaí ocsaíd nítrigine. Ríomhtar an chomhpháirt $CO_2$ tríd an ráta is infheidhme a iolrú faoin bpraghas díola ar an margadh oscailte.

b Ríomhtar an tobhach NOx ar leithligh agus cuirtear leis an luach $CO_2$ é ansin chun an CCF atá dlite a fháil.

## Iarscríbhinn 21D Príomhbhearta rialaithe tiontaithe

| Príomhrialú | Cur síos |
|---|---|
| **Trádálaí údaraithe** | • Ní mór do thrádálaí a bhfuil feithiclí neamhchláraithe ina sheilbh aige/aici nó a bhfuil baint aige/aici le monarú, deisiú, stóráil agus modhnú feithiclí neamhchláraithe a bheith údaraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim.<br>• Uimhir Chuntais Trádálaí (TAN) uathúil eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim. |
| **Cineálcheadú** | • Nuair a dhéantar feithicil a mhonarú den chéad uair, ní mór di na caighdeáin sábháilteachta agus cáilíochta riachtanacha go léir a chomhlíonadh sula bhféadfar í a dhíol nó a chlárú ar fud na hEorpa — ar a dtugtar an 'cineálcheadú'.<br>• Deimhníonn údarás ábhartha go gcomhlíonann feithicil na ceanglais theicniúla iomchuí go léir. Is é an NSAI an t-údarás ceaptha in Éirinn.<br>• Éilíonn gach feithicil cineálcheadú le go gclárófar í in Éirinn. Is fianaise ar chineálcheadú an deimhniú comhréireachta (féach thíos). |
| **Deimhniú comhréireachta** | • Eisithe ag monaróir feithicle agus tá faisnéis ann faoi na príomhthréithe amhail mais, toisí, méid an innill, feidhmíocht theicniúil (tomhaltas breosla nó raon leictreach), ainm agus seoladh an mhonaróra, dáta monaraithe.<br>• Deimhnítear leis gur monaraíodh an fheithicil i gcomhréir le caighdeáin chineálcheadaithe. |
| **Ionad tástála ceadaithe (ATC)** | • Éilíonn ceardlann/garáiste cead ón NSAI chun feidhmiú mar ATC.<br>• Is iad na critéir formheasa — pearsanra atá oilte go cuí, áitreabh oiriúnach agus córas bainistíochta cáilíochta doiciméadaithe i bhfeidhm.<br>• Nuair a bheidh siad ceadaithe, eiseofar teastas ceapacháin dóibh ina mbeidh mionsonraí faoi na tástálacha is féidir lena gceardlann a dhéanamh.<br>• Bíonn ATCanna faoi réir iniúchta bliantúil ag an NSAI.<br>• Ní mór obair thiontaithe a dhéantar ar fheithiclí nua neamhchláraithe a iniúchadh ag ATC. |

| Príomhrialú | Cur síos |
|---|---|
| **Dearbhú tiontaithe, lena n-áirítear dearbhú ó dhuine cáilithe go hoiriúnach (SQI)** | Riachtanach le haghaidh tiontú feithiclí atá cláraithe thar lear nó in Éirinn agus ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas ann:<br>• costas iomlán an tiontaithe mar aon le fianaise dhoiciméadach amhail sonraisc agus fáltais.<br>• stampa SQI air — ag deimhniú catagóir feithicle AE, líon na suíochán, cabhalra, líon na ndoirse agus na bhfuinneog, cineál breosla, mais in ord agus uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil roimh agus tar éis tiontaithe.<br>• fianaise ar astaíochtaí NOx d'fheithiclí de chatagóir A nó d'fheithiclí atá á dtiontú go catagóir A.<br>• dearbhú inniúlachta SQI san áireamh.<br>• tomhais agus grianghraif san áireamh i gcás ina bhfuil an fheithicil á tiontú go catagóir N1 (tráchtála) le níos mó ná sraith amháin suíochán.<br>• grianghraif den taobh istigh agus den taobh amuigh i gcás mótarcharbhán. |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste